C/2025/6534

4.12.2025

**TREORAÍOCHT ÓN gCOIMISIÚN**

# Fógra ón gCoimisiún: treoirlínte maidir le conas na sainmhínithe ar láithreáin, saoráidí agus suiteálacha a leagtar síos in Airteagal 13(h) den Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha a chur i bhfeidhm sa chleachtas (Rialachán (AE) 2024/1244)

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2025/6534)

Tá sé beartaithe leis an bhFógra seo ón gCoimisiún cuidiú leis na húdaráis náisiúnta Rialachán (AE) 2024/1244 a chur i bhfeidhm. Is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh amháin inniúil chun dlí an Aontais a léirmhíniú go húdarásach.

D'fhorbair an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil an treoraíocht le tacaíocht óna Lárionad Téamach Eorpach maidir le Sláinte an Duine agus an Comhshaol. Ba mhaith leis an gCoimisiún aitheantas a thabhairt do rannchuidiú luachmhar chomhaltaí agus bhreathnóirí Ghrúpa Saineolaithe an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha, a bhí rannpháirteach go gníomhach agus a thug ionchur luachmhar ar fud an tionscadail, lena n-áirítear i gceardlanna agus i gcomhairliúcháin i scríbhinn.

ÁBHAR

Achoimre ..... 4

1. Réamhrá ..... 4

2. An t-ordlathas geografach ..... 5

3. Sainmhínithe ..... 7

3.1. Láithreán ..... 7

3.2. Saoráid ..... 8

3.3. Suiteáil ..... 9

3.4. Páirt de shuiteáil ..... 10

4. Conas aonaid tuairiscithe RTAT a aicmiú ..... 10

4.1. Conas láithreán tionsclaíoch a shainaithint le haghaidh thuairisciú RTAT ..... 11

4.2. Conas saoráid a shainaithint le haghaidh thuairisciú RTAT ..... 12

4.3. Conas suiteáil a shainaithint le haghaidh thuairisciú RTAT ..... 12

4.3.1. Aonad teicniúil fosaithe ..... 13

4.3.2. Gníomhaíochtaí atá dírbhainteach ..... 15

5. Samplaí earnála ..... 16

5.1. Earnáil na cumhachta ..... 16

5.2. Earnáil na dramhaíola ..... 18

5.3. Scaglann agus láithreán peitriceimiceach ..... 19

5.4. Láithreán tionscail cógaisíochta ..... 20

5.5. Sceitheadh uisce ó shuiteálacha iomadúla ag an láithreán céanna ..... 22

5.6. Suiteálacha le haghaidh diantógáil éanlaithe clóis nó muc agus seamlas ..... 24

5.7. Earnálacha agus gníomhaíochtaí nach gcumhdaítear leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha 25

5.7.1. Gléasraí dócháin meánmhéide ..... 25

5.7.2. Mianadóireacht faoi thalamh agus oibríochtaí gaolmhara, lena n-áirítear eastóscadh amhola nó gáis ar tír nó amach ón gcósta (i gcás nach gcumhdaítear iad le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha) ..... 25

5.7.3. Mianadóireacht dromchla agus cairéalacht (i gcás nach gcumhdaítear iad le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus i gcás inarb ionann achar dromchla éifeachtach faoi oibríocht eastóscach agus 25 heicteár) ..... 25

5.7.4. Gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh (ag a bhfuil acmhainneacht 100 000 coibhéis daonra nó níos mó) ..... 28

5.7.5. Dobharshaothrú beathabhunaithe a sháraíonn acmhainneacht táirgeachta bhliantúil 500 tona .. 28

5.7.6. Suiteálacha chun longa a thógáil agus/nó a dhíchóimeáil, agus le haghaidh péinteáil nó péinteáil a bhaint de longa a bhfuil sé d'acmhainn acu freastal ar longa 100 m nó níos faide ar fhad ..... 30

5.7.7. Leictrealú uisce chun hidrigin a tháirgeadh ar scála tionsclaíoch – suiteálacha nach dtagann faoi raon feidhme Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha ..... 30

6. Conclúid ..... 30

**Liosta giorrúchán**

| Giorrúchán | Ainm |
|---|---|
| CCCFC | Cinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún |
| GTCT | Gástuirbín comh-thimthrialla |
| GDB | Gníomhaíocht atá dírbhainteach |
| EEA | An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil |
| PRTR Eorpach | An Clár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán |
| TAT | An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus Tógála Beostoic |
| RTAT | Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha |
| INSPIRE | Bonneagar d'Fhaisnéis Spáis sa Chomhphobal Eorpach |
| MGD | Mórghléasra dócháin |
| GDMM | Gléasra dócháin meánmhéide |
| Treoir GDMM | An Treoir maidir le Gléasraí Dócháin Meánmhéide |
| CEE-NA | Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip |
| LD | (Comh)loscadh dramhaíola |
| GCFU | Gléasra cóireála fuíolluisce |

ACHOIMRE

Le hAirteagal 13(h) de Rialachán (AE) 2024/1244 (an 'Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha' nó 'RTAT'), ceanglaítear ar an gCoimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil agus i gcomhairle leis na Ballstáit, treoraíocht a tharraingt suas agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta lena dtacaítear le cur chun feidhme an Rialacháin. Leagtar amach sa treoraíocht conas na sainmhínithe ar láithreáin, saoráidí agus suiteálacha a leagtar síos sa Rialachán a chur i bhfeidhm sa chleachtas.

Cuirtear creat ar fáil sa treoirdhoiciméad seo le haghaidh tuairisciú cruinn agus comhsheasmhach ar shonraí comhshaoil ó láithreáin thionsclaíocha san Aontas. Is é is aidhm dó an méid seo a leanas a shoiléiriú: (i) na sainmhínithe ar 'láithreán', 'saoráid' agus 'suiteáil' a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 ón gCoimisiún ([1]) (Bonneagar d'Fhaisnéis Spáis sa Chomhphobal Eorpach (Rialachán INSPIRE)) trína n-ailíniú leo siúd sa Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha; agus (ii) an sainmhíniú ar shuiteáil i dTreoir 2010/75/AE maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (TAT), arna leasú le Treoir (AE) 2024/1785 ([2]). Mínítear sa doiciméad an chaoi a n-oireann na sainmhínithe sin don struchtúr tuairiscithe ordlathach a cheanglaítear le creat Rialachán INSPIRE maidir le comhroinnt sonraí spásúla.

I measc na bpríomhranna tá treoraíocht maidir leis an méid seo a leanas: (i) láithreáin, saoráidí agus suiteálacha a shainaithint; (ii) tuairisc a thabhairt ar na naisc theicniúla agus oibríochtúla idir aonaid thionsclaíocha; agus (iii) a chinneadh cathain ba cheart níos mó ná suiteáil amháin a mheas mar shaoráid aonair. Pléitear sa doiciméad freisin 'gníomhaíochtaí atá dírbhainteach', ar cheart iad a chur san áireamh agus astaíochtaí ó shuiteáil á dtuairisciú.

Soláthraítear samplaí éagsúla leis an treoraíocht sin chun tacú leis an tuairisciú faoin Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha. Mar sin féin, níl sé uileghabhálach agus ní chlúdaíonn sé gach cás a d'fhéadfadh a bheith ann. Is faoin údarás tuairiscithe inniúil i ngach Ballstát atá sé an treoraíocht a chur i bhfeidhm, agus a gcomhthéacs náisiúnta á chur san áireamh.

## 1. RÉAMHRÁ

Glacadh an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha (RTAT) ([3]) an 24 Aibreán 2024 agus cuirtear é in ionad an Rialacháin maidir leis an gClár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán (PRTR Eorpach) ([4]). Bunaítear leis clár comhtháite ar scaoileadh agus aistriú truailleán ar leibhéal an Aontais agus, dá bhrí sin, cuirtear chun feidhme leis Prótacal Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) um Chláir Eorpacha ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán ([5]), dá ngairtear Prótacal PRTR nó Prótacal Chív go coitianta. Déanfar an chéad tuairisciú faoin rialachán athbhreithnithe in 2028 nuair a thuairisceoidh na Ballstáit sonraí don Choimisiún maidir le scaoiltí agus aistrithe, úsáid acmhainní agus faisnéis chomhthéacsúil eile ó shuiteálacha tionsclaíocha faoi raon feidhme na bliana tuairiscithe 2027.

Cuireann an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha athrú i bhfeidhm ar an leibhéal tuairiscithe le haghaidh scaoiltí i gcomparáid le PRTR Eorpach, ag aistriú ón leibhéal saoráide (lena bhféadfaí suiteáil amháin nó níos mó a chuimsiú) go dtí leibhéal na suiteála. Leis sin, cumasófar ailíniú agus comhsheasmhacht níos fearr le Treoir 2010/75/AE maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, arna leasú le Treoir (AE) 2024/1785 ([6]) (an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus Tógála Beostoic (An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha)), lena rialaítear astaíochtaí tionsclaíocha trí shuiteálacha a cheadú. Dá bhrí sin, is féidir leis an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha tacú níos fearr le cuspóirí agus cur chun feidhme na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus meastóireacht ar éifeachtacht na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha a chumasú. Cuireadh bailiúchán *Freagraí a rinne Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil maidir le Cur Chun Feidhme na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha* – Caibidil 1, dar dáta an 18 Eanáir 2019 ([7]), san áireamh agus an treoraíocht seo á hullmhú.

Táthar ag súil go mbeidh tionchar teoranta ag aistriú chuig tuairisciú ar leibhéal na suiteála ar thuairisciú scaoiltí ó fhormhór na ngníomhaíochtaí tionsclaíocha i gcás ina gcuimsítear suiteáil aonair le saoráid aonair. I gcásanna eile atá níos éagsúla agus níos casta, beidh gá le treoraíocht agus moltaí maidir le freagairt don athrú ar an struchtúr tuairiscithe agus maidir le conas na sainmhínithe ar láithreáin, saoráidí agus suiteálacha a leagtar síos sa Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha a chur i bhfeidhm sa chleachtas. Tugadh sainordú d'fhorbairt na treoraíochta sin ón gCoimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) agus i gcomhairle leis na Ballstáit, le hAirteagal 13(h) den Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha.

([1]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02010R1089-20231119.
([2]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02010L0075-20240804.
([3]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:L_202401244.
([4]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A32006R0166.
([5]) https://unece.org/DAM/env/pp/prtr/Protocol%20texts/PRTR_Protocol_e.pdf.
([6]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02010L0075-20240804.
([7]) https://circabc.europa.eu/ui/group/06f33a94-9829-4eee-b187-21bb783a0fbf/library/cbcfa4fc-cb8e-4cd7-bf7a-cbba10c28fb4?p=1&n=10&sort=modified_DESC.

Is é is aidhm don treoirdhoiciméad seo an ceanglas sin a chomhlíonadh tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) samplaí a sholáthar de cad is láithreán, saoráid agus suiteáil ann; (ii) samplaí earnáilsonracha a thabhairt de ghaolmhaireachtaí idir saoráidí agus suiteálacha; agus (iii) moltaí a sholáthar maidir leis an gcaoi ar cheart iad a chur i bhfeidhm agus a láimhseáil le haghaidh tuairisciú astaíochtaí tionsclaíocha. Príomhsprioc de chuid an doiciméid seo is ea comhthuiscint a leagan amach ar na téarmaí 'saoráid' agus 'suiteáil' i gcomhthéacs thuairisciú RTAT i measc oibreoirí tionsclaíocha agus údaráis inniúla na mBallstát. Ach an sprioc sin a bhaint amach, áiritheofar comhsheasmhacht agus cruinneas níos fearr sna sonraí a thuairiscítear.

Tugtar samplaí éagsúla sa treoirdhoiciméad seo chun tacú le tuairisciú faoin Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha. Mar sin féin, níl sé uileghabhálach agus ní chlúdaíonn sé gach cás a d'fhéadfadh a bheith ann. Is faoin údarás tuairiscithe inniúil ábhartha i ngach Ballstát atá sé é a chur i bhfeidhm, agus a gcúinsí náisiúnta á gcur san áireamh.

Tá an struchtúr seo a leanas sa treoirdhoiciméad seo:

— I Roinn 2, tugtar tuairisc ar na leibhéil tuairiscithe ordlathacha laistigh de láithreáin táirgeachta thionsclaíocha;

— I Roinn 3, sainmhínítear gach ceann de na leibhéil ordlathacha;

— I Roinn 4, mínítear conas láithreáin, saoráidí agus suiteálacha a shainaithint le haghaidh thuairisciú RTAT agus soláthraítear mionsonraí maidir le haonaid theicniúla agus naisc theicniúla;

— I Roinn 5, cuirtear i láthair roinnt samplaí de ghaolmhaireachtaí saoráide/suiteála;

— Tá barúlacha deiridh i Roinn 6 agus liostaítear acmhainní chun comhairle bhreise a fháil.

Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1135 ón gCoimisiún ([8]), bunaíodh Clárlann AE um Láithreáin Thionsclaíocha, agus tá sé beartaithe leis an treoraíocht seo comhlánú a dhéanamh ar an Lámhleabhar do Thuairisceoirí le haghaidh Chlárlann AE um Láithreáin Thionsclaíocha ([9]) agus ar aon nuashonrú ina dhiaidh sin. Tá an fhaisnéis fhíor-riachtanach uile sa lámhleabhar chun tuairisc a thabhairt ar an gcaoi ar cheart d'oibreoirí tionsclaíocha na sreafaí sonraí ábhartha a leagtar amach sa Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha agus sa Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus Tógala Beostoic (an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha) a thuairisciú. Cé gur féidir an treoraíocht sin a úsáid mar dhoiciméad neamhspleách, moltar í a úsáid i gcomhar leis an Lámhleabhar do Thuairisceoirí le haghaidh Chlárlann AE um Láithreáin Thionsclaíocha.

Ní chumhdófar leis an treoirdhoiciméad seo na rialacha comhiomlánaithe is infheidhme maidir le héanlaith chlóis agus muca a thógáil mar a leagtar síos in Airteagal 70(b) den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha athbhreithnithe. Mar a tugadh faoi deara in Airteagal 70(b)(2) den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, foilseoidh an Coimisiún treoirlínte sonracha, tar éis dó dul i gcomhairle le Ballstáit an Aontais, 'maidir leis na critéir chun suiteálacha éagsúla a mheas mar aonad aonair' san earnáil sin faoi Airteagal 70(b)(1) den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

## 2. AN T-ORDLATHAS GEOGRAFACH

Tá tuairisciú ordlathach na láithreán táirgeachta tionsclaíoch a cheanglaítear faoin Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha agus faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1135 ón gCoimisiún bunaithe ar an Rialachán INSPIRE (Bonneagar d'Fhaisnéis Spáis sa Chomhphobal Eorpach) ([10]) agus is éard atá i gceist leis faisnéis faoi ghníomhaíochtaí tionsclaíocha a eagrú agus a chur i láthair ar bhealach struchtúrtha. Is é is aidhm do Rialachán INSPIRE creat comhchuibhithe a chruthú le haghaidh comhroinnt sonraí spásúla ar fud na hEorpa, lena n-áirítear sonraí maidir le gnéithe comhshaoil agus tionsclaíocha. Déantar láithreáin táirgeachta thionsclaíocha a chatagóiriú bunaithe ar a gcineálacha, a ngníomhaíochtaí agus a dtionchar ar an gcomhshaol. Is iondúil go n-áirítear sa struchtúr ordlathach leibhéil éagsúla lenar féidir cineálacha éagsúla faisnéise a thuairisciú, amhail suíomh an láithreáin, próisis táirgthe agus sonraí astaíochtaí. Leis an gcur chuige sin, éascaítear comhtháthú comhsheasmhach sonraí ó fhoinsí éagsúla, rud a fhágann gur féidir anailís chuimsitheach spásúil, comparáidí trasteorann agus cinnteoireacht eolasach a dhéanamh maidir le beartais chomhshaoil agus rialáil thionsclaíoch.

([8]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32018D1135&from=EN.

([9]) An leagan is déanaí ón 19 Nollaig 2024: https://cdr.eionet.europa.eu/help/euregistry/Documents/EU%20Registry_Manual%20for%20Reporters_v1.12.pdf.

([10]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02010R1089-20231119, Iarscríbhinn IV, Roinn 8.2.

Le struchtúr sonraí Rialachán INSPIRE sainmhínítear sraitheanna ordlathacha laistigh de láithreáin táirgeachta thionsclaíocha bunaithe ar a gcaidrimh gheografacha:

— láithreáin táirgeachta;

— saoráidí táirgthe;

— suiteálacha táirgeachta;

— páirteanna de shuiteáil táirgeachta.

Figure 2.1I bhFíor 2.1 léirítear an t-ordlathas, chomh maith leis an gcás ina bhfuil nasc teicniúil idir an gléasra cumhachta i Saoráid 1 agus an scaglann agus an gléasra ceimiceach i Saoráid 2. D'ainneoin an naisc theicniúil (i.e. soláthar na cumhachta, mar a léirítear leis na saigheada), is daoine nádúrtha nó dlítheanacha éagsúla a oibríonn na saoráidí, agus, dá thoradh sin, tá na saoráidí éagsúil – de réir an oibreora (mar a cheanglaítear leis an sainmhíniú ar 'saoráid' sa Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha, féach Roinn). 3.2). Pléitear go mion na teaglamaí éagsúla saoráide, suiteála agus naisc theicniúil i Roinn 0.

*Fíor 2.1*

**Scéimléaráid shimplí de láithreán tionsclaíoch**




Ceanglaítear le Prótacal PRTR go ndéanfar gníomhaíochtaí tionsclaíocha a thuairisciú faoina raon feidhme ar leibhéal na saoráide agus sainmhínítear saoráid i gcomhréir le Rialachán INSPIRE. Leis an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha, ceanglaítear ar an oibreoir tuairisciú ar leibhéal na suiteála, rud a fhéadfar a rianú ar leibhéal na saoráide; trí leanúint de mháthairshaoráid na suiteálacha a shainaithint, soláthrófar leanúnachas leis na hamshraitheanna stairiúla (a thuairiscítear faoi PRTR Eorpach) ina bhfuil faisnéis faoi astaíochtaí agus aistrithe ar leibhéal na saoráide. Ceanglaítear leis an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha freisin go ndéanfar tuairisciú ar an máthairláithreán ina bhfuil an tsaoráid agus an tsuiteáil/na suiteálacha. Dá bhrí sin, cé go ndíríonn an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha anois ar fhaisnéis chomhshaoil maidir le suiteálacha a thuairisciú, tá ceanglas tábhachtach fós ann a bheith in ann sonraí a chur i láthair ar leibhéal na saoráide agus an láithreáin.

I bhFíor 2.2 léirítear na sreafaí sonraí nua atá beartaithe chun faisnéis riaracháin, gheografach agus théamach a thuairisciú faoin Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha. Formhór na saoráidí a thuairiscigh do Chlárlann AE um Láithreáin Thionsclaíocha in 2022, tá caidreamh aon le haon acu le suiteáil de chuid na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (e.g. tá Suiteáil 1 i Saoráid 1), agus tá saoráidí ann a bhfuil níos mó ná suiteáil amháin iontu. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh páirt de shuiteáil a bheith i suiteáil de chuid na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha freisin.

*Fíor 2.1*

**Sreafaí sonraí astaíochtaí tionsclaíocha**




3. SAINMHÍNITHE

Mínítear sa roinn seo na sainmhínithe ar láithreáin, ar shaoráid, ar shuiteáil agus ar pháirt de shuiteáil a leagtar amach sa Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha.

3.1. **Láithreán**

In Iarscríbhinn IV roinn 8.2.4 de Rialachán INSPIRE sainmhínítear láithreán táirgeachta mar 'An talamh uile ag suíomh geografach ar leith ina raibh, ina bhfuil, nó ina mbeidh sé beartaithe an tsaoráid táirgeachta a bheith. Áirítear leis sin an bonneagar, an trealamh agus na hábhair uile.' Luaitear sa Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha 'go gciallaíonn láithreán suíomh geografach na suiteála agus na saoráide' (féach Fíor 2.1).

Sa Lámhleabhar do Thuairisceoirí le haghaidh Chlárlann AE um Láithreáin Thionsclaíocha ([11]), arna eisiúint ag an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) agus lena tacaítear le tíortha tuairiscithe sonraí a chur isteach, soiléirítear go gcuimsíonn láithreán limistéar tionsclaíoch amháin nó níos mó ina ndéanann oibreoirí éagsúla saoráidí agus suiteálacha gaolmhara gníomhaíochtaí. Chun láithreán a shainaithint, ní mór na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

— **Cóngaracht gheografach:** Ní mór na saoráidí agus a suiteálacha a bheith sa suíomh céanna go fisiceach. Mar sin féin, ní hionann láithreán a bheith roinnte de bharr bacainn fhisiceach, amhail bóthar, iarnród nó abhainn, agus dhá láithreán ar leith go huathfheidhmeach.

— **Gníomhaíochtaí gaolmhara:** Má tá níos mó ná saoráid nó suiteáil amháin le háireamh ar an láithreán céanna, ní mór iad uile a bheith ceangailte le chéile le nasc teicniúil nó a bheith ag oibriú i gcomhar chun críche coitinne (e.g. saoráid ina gcóimeáiltear gluaisteáin agus saoráidí gaolmhara i slabhra soláthair na monaraíochta gluaisteán ar an láithreán céanna).

([11]) https://cdr.eionet.europa.eu/help/eprtr_lcp/Documents/E-PRTR-LCP%20Manual%20for%20reporters%20v1.6.pdf.

— **Neamhaird ar úinéireacht:** Ní bhíonn ról ag úinéireacht inti féin maidir le láithreán a shainmhíniú, i.e. is féidir saoráidí iomadúla a bheith san áireamh le láithreán (le húinéirí/oibreoirí éagsúla) má tá siad gaolmhar mar a shainmhínítear sa chritéar thuas.

— **Neamhaird ar phleanáil uirbeach:** Is féidir le láithreáin iomadúla a bheith suite i lota comhleanúnach aonair atá criosaithe le haghaidh gníomhaíocht thionsclaíoch de réir na pleanála uirbí. I gcás inar gá, ní mór idirdhealú a dhéanamh idir na láithreáin trí úsáid a bhaint as an gcritéar sa dara urchar thuas.

I bhFíor 3.1 léirítear an cás ina ndéantar dhá láithreán de thrí shaoráid chóngaracha toisc nach bhfuil aon ghníomhaíocht ghaolmhar chomhroinnte idir an dá láithreán. Tá saoráid táirgeachta bia agus dí ar láithreán 1, arna hoibriú ag cuideachta ghrúdaireachta neamhspleách; Tá dhá shaoráid ar láithreán 2 a bhfuil oibreoirí éagsúla acu ach a bhfuil gníomhaíochtaí gaolmhara ar siúl acu.

*Fíor 3.1*

**Scéimléaráid shimplí de dhá láithreán thionsclaíocha**




3.2. **Saoráid**

In Iarscríbhinn IV roinn 8.2.1 de Rialachán INSPIRE tagraítear do shaoráid táirgeachta mar 'shuiteáil amháin nó níos mó ar an láithreán céanna arna oibriú ag an duine nádúrtha nó dlítheanach céanna, a dearadh, a tógadh nó a suiteáladh chun críoch sonrach táirgthe nó tionsclaíocha, lena gcuimsítear an bonneagar, an trealamh agus na hábhair uile'.

Ciallaíonn saoráid mar a shainmhínítear in Airteagal 3 pointe 2 den Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha 'suiteáil amháin nó níos mó, nó páirteanna díobh, atá ar an láithreán céanna agus atá á n-oibriú ag an duine nádúrtha nó dlítheanach céanna'. Tá sé tábhachtach fós coincheap na saoráide a choinneáil agus a úsáid, fiú nuair a dhéanfar sonraí téamacha a thuairisciú ar leibhéal na suiteála. Is iad seo a leanas na príomhchúiseanna leis sin:

— comhlíonadh Phrótacal PRTR;

— comhlíonadh Airteagail 5(1)(a) den Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha, lena gceanglaítear, ó 2028, nach mór don Tairseach Eorpach um Astaíochtaí Tionsclaíocha ligean d'úsáideoirí sonraí a chuardach agus a íoslódáil de réir saoráide;

— comhlíonadh Rialachán INSPIRE;

— comhsheasmhacht le hamshraith stairiúil na sonraí a tuairiscíodh roimhe seo faoin PRTR Eorpach.

Ní mór gach saoráid a thuairisciú ar leithligh faoin Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an oibreoir, comhordanáidí geografacha, ainm agus feidhm, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil na nithe seo a leanas ar an láithreán: (i) saoráid amháin ina bhfuil suiteáil amháin; (ii) saoráid amháin ag a bhfuil suiteálacha iomadúla (e.g. gléasra ceimiceach agus aonad giniúna cumhachta ag a bhfuil an t-oibreoir céanna); nó (iii) saoráidí iomadúla (le hoibreoirí éagsúla) ag a bhfuil suiteáil amháin nó níos mó (e.g. trí ghléasra cheimiceacha le hoibreoirí éagsúla, gléasra cóireála fuíolluisce (GCFU) a oibrítear go neamhspleách agus gléasra cumhachta a fhreastalaíonn ar an láithreán iomlán). I ngach cás, ní mór gach saoráid a thuairisciú ar leithligh, lena sonraí sonracha féin agus leis an aitheantóir máthairláithreáin céanna.

Faoin Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha, sainmhínítear saoráid ar bhonn na ngníomhaíochtaí a bhfuil oibreoir freagrach astu ar láithreán. Ciallaíonn an sainmhíniú dlíthiúil ar 'oibreoir', mar a leagtar amach in Airteagal 3 pointe 15 den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, agus dá dtagraítear in Airteagal 3 pointe 8 den Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha, 'aon duine nádúrtha nó dlítheanach a oibríonn nó a rialaíonn go hiomlán nó go páirteach an tsuiteáil nó an gléasra dócháin, an gléasra loiscthe dramhaíola nó an gléasra comhloiscthe dramhaíola nó, i gcás ina bhforáiltear dó sin sa dlí náisiúnta, ar tarmligeadh cumhacht chinntitheach eacnamaíoch ar fheidhmiú teicniúil na suiteála nó an ghléasra chuige'. Tá an t-oibreoir freagrach as gníomhaíochtaí uile an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha, agus na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha ag an tsaoráid. Ní bhaineann úinéir na talún le hábhar mura bhfuil baint aige leis an tsaoráid a oibriú.

Is minic gurb é an t-oibreoir (a d'fhéadfadh an tsaoráid a léasú ó úinéir nó a bheith ina úinéir) an t-eintiteas dlítheanach a liostaítear sa chead ábhartha (féach Bosca 3.1). I gcás suiteáil de chuid na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha a bhfuil níos mó ná oibreoir amháin aici a chumhdaítear le cead amháin (dá ngairtear cead 'creata' uaireanta), tá iliomad saoráidí agus suiteálacha le sainaithint faoin Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha, i gcomhréir le freagrachtaí na n-oibreoirí éagsúla. Chun an anailís ar bhrúnna comhshaoil ó na saoráidí sin a éascú, ba cheart iad a thuairisciú faoin máthairláithreán céanna. Tabhair faoi deara nach gá cead a roinnt go hiarbhír; is chun críocha thuairisciú RTAT amháin atá an 'deighilt fhíorúil' sin. Tá tuilleadh sonraí ar fáil i Roinn 4.2.

### 3.3. **Suiteáil**

Tagraíonn Rialachán INSPIRE in Iarscríbhinn IV roinn 8.2.2 d'aonaid theicniúla, amhail innealra, gaireas, feistí nó trealamh a chuirtear i suíomh nó atá nasctha lena n-úsáid, mar shuiteálacha aonair nó línte táirgthe laistigh de shaoráid thionsclaíoch ina ndéantar próisis nó gníomhaíochtaí sonracha. Is iondúil go mbíonn na haonaid sin mar chuid de láithreán tionsclaíoch níos mó agus is saintréithe díobh a bhfeidhmeanna, a bpróisis agus a n-astaíochtaí. D'fhéadfadh aonad teicniúil amháin nó níos mó (e.g. imoibreoirí, foirnéisí nó innill) a oibríonn le chéile chun feidhm ar leith a dhéanamh a bheith i gceist le suiteálacha.

Tá sainmhínithe an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha agus na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha ar shuiteáil beagnach comhionann anois. Is é an t-aon difríocht go dtagraíonn an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha in Airteagal 3 pointe 3 d'Iarscríbhinní I, Ia agus VII a ghabhann leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, agus go dtagraíonn an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha in Airteagal 3 pointe 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha, a thagraíonn d'Iarscríbhinn I agus d'Iarscríbhinn Ia a ghabhann leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha. Dá bhrí sin, is é an sainmhíniú ar shuiteáil, mar a úsáidtear sa treoraíocht seo é, sainmhíniú an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha, lena n-áirítear sainmhíniú na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, cé is moite de na gníomhaíochtaí a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha. (suiteálacha agus gníomhaíochtaí ina n-úsáidtear tuaslagóirí orgánacha, ós rud é nach gá gur cuid d'Iarscríbhinn I ná d'Iarscríbhinn 1a a ghabhann leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha iad).

**Bosca0.1: Is é an treoirdhoiciméad seo an sainmhíniú a úsáidtear ar shuiteáil**

Tá an sainmhíniú ar shuiteáil a úsáidtear sa treoirdhoiciméad seo ag teacht le sainmhíniú an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha, lena gcumhdaítear an raon feidhme céanna le raon feidhme shainmhíniú na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha ach lena n-eisiatar gníomhaíochtaí a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Treoir maidir hAstaíochtaí Tionsclaíocha. Níl sé beartaithe le sainmhíniú an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha ar shuiteáil a shonrú conas a chinntear suiteálacha faoin Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha ná conas ba cheart Conclúidí faoi na teicnící is fearr atá ar fáil a chur i bhfeidhm. Feidhmíonn an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha go príomha mar shásra tuairiscithe, agus soláthraíonn an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha an creat rialála chun suiteálacha a chinneadh chun críocha ceadaithe agus chun Conclúidí faoi na teicnící is fearr atá ar fáil a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, tugtar isteach leis an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha coincheap na 'saoráide', rud nach bhfuil sa Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha. Is é an toradh a bhíonn air sin cásanna ina mbainistíonn oibreoirí iomadúla páirteanna den tsuiteáil chéanna (e.g. i gceadanna creata, mar a phléitear i Roinn 3.2) a thuairiscítear mar shaoráidí iomadúla, agus suiteáil amháin nó níos mó i ngach ceann acu.

Cé go bhfuil na gníomhaíochtaí uile in Iarscríbhinn I agus Ia a ghabhann leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha san áireamh anois sa Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha, áirítear i raon feidhme an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha na gníomhaíochtaí breise seo a leanas:

— gléasraí dócháin meánmhéide (GDMManna) ([12]) (i gcás nach gcumhdaítear iad le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha mar aonad teicniúil nó mar ghníomhaíocht atá dírbhainteach (GDB – féach caibidil 4.3.2)) ag a bhfuil ionchur teirmeach rátaithe 20 MW ar a laghad agus faoi bhun 50 MW;

— mianadóireacht faoi thalamh agus oibríochtaí gaolmhara, lena n-áirítear eastóscadh amhola nó gáis ar tír nó amach ón gcósta (i gcás nach gcumhdaítear iad le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

— mianadóireacht dromchla agus cairéalacht (i gcás nach gcumhdaítear iad le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, ag a bhfuil achar dromchla éifeachtach faoi oibríocht eastóscach 25 heicteár nó níos mó;

([12]) Gléasraí dócháin a dhéanann gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2 de Threoir (AE) 2015/2193.

— gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh ag a bhfuil acmhainneacht 100 000 coibhéis daonra nó níos mó;

— dobharshaothrú beathabhunaithe ag a bhfuil acmhainneacht táirgeachta bhliantúil níos mó ná 500 tona;

— suiteálacha chun longa a thógáil agus/nó a dhíchóimeáil, agus le haghaidh péinteála nó péint a bhaint de longa a bhfuil sé d'acmhainn acu freastal ar longa 100 méadar nó níos faide ar fhad;

— leictrealú uisce le haghaidh táirgeadh hidrigine ar scála tionsclaíoch ag a bhfuil acmhainneacht níos lú ná 50 tona in aghaidh an lae ([13]).

Tá foroinn i Roinn 5 maidir le samplaí earnála atá tiomnaithe do ghníomhaíochtaí nach gcumhdaítear leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha faoi raon feidhme an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha.

### 3.4. **Páirt de shuiteáil**

Faoi chreat INSPIRE, is féidir gníomhaíochtaí tionsclaíocha a thuairisciú ar leibhéil éagsúla, lena n-áirítear leibhéil láithreáin, saoráide agus suiteála. Is é an leibhéal tuairiscithe is mionsonraithe atá faoi raon feidhme an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha an páirt de shuiteáil, lenar féidir rianú mionsonraithe a dhéanamh ar astaíochtaí nó ar shonraí eile, amhail úsáid fuinnimh nó acmhainneacht loiscthe ó aonaid shonracha laistigh de shuiteáil. De réir shonraíochtaí sonraí INSPIRE, d'fhéadfadh páirteanna éagsúla a bheith i suiteáil chun críocha teicniúla ar leith; caitear leo le chéile, áfach, mar shuiteáil aonair má tá siad nasctha go dlíthiúil nó go teicniúil agus má oibrítear iad mar aonad teicniúil aonair.

Cé nach sainmhínítear an téarma 'páirt de shuiteáil' go sainráite sa Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha nó sa Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha, is iondúil go dtagraíonn sé do chomhpháirteanna nó do chodanna de shuiteáil, lena n-áirítear mórghléasraí dócháin (MGDanna) agus gléasraí comhloiscthe dramhaíola (LD). Tá na páirteanna sin de shuiteáil sin ríthábhachtach d'oibriú foriomlán suiteála agus tá siad faoi réir ceanglais rialála shonracha faoi Chaibidil III agus IV den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha chomh maith le ceanglais mhionsonraithe tuairiscithe faoi Airteagal 72 den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1135 ón gCoimisiún lena mbunaítear cineál, formáid agus minicíocht na faisnéise atá le cur ar fáil ag na Ballstáit chun tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach um Astaíochtaí Tionsclaíocha.

Faoi Chlárlann AE um Láithreáin Thionsclaíocha, ní shainmhínítear 'páirt de shuiteáil' ach oiread ach tuigtear gur fo-aonad feidhmiúil í laistigh de shuiteáil. Déanann na fo-aonaid sin cúraimí nó próisis ar leith a chuireann le hastaíochtaí foriomlána nó le tionchar comhshaoil na suiteála a bhfuil siad mar chuid di. Mar shampla, tagann mórghléasraí dócháin agus gléasraí loiscthe dramhaíola faoi Chaibidlí III agus IV den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, ach níl ach astaíochtaí ó mhórghléasraí dócháin, faoi Airteagal 72(3) den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, comhtháite i sásra tuairiscithe RTAT faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1135 ón gCoimisiún. Níl ceanglais choibhéiseacha maidir le tuairisciú astaíochtaí ag gléasraí loiscthe dramhaíola faoin Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha nó an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha, ach tá ceanglais eile acu amhail an toilleadh loiscthe ainmniúil agus ceadaithe a thuairisciú. Tuairiscítear gur 'páirteanna de shuiteáil' iad mórghléasraí dócháin agus gléasraí loiscthe dramhaíola araon i gClárlann AE um Láithreáin Thionsclaíocha.

Ina theannta sin, aicmítear gléasraí dócháin meánmhéide ag a bhfuil ionchur teirmeach rátaithe idir 20 MW agus 50 MW mar pháirteanna de shuiteáil chun críocha thuairisciú RTAT, ar choinníoll nach gcumhdaítear iad cheana féin le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

## 4. CONAS AONAID TUAIRISCITHE RTAT A AICMIÚ

Cuidíonn an roinn seo le tíortha tuairiscithe na saintréithe geografacha éagsúla le haghaidh láithreáin thionsclaíocha, saoráidí agus suiteálacha a shainaithint. Déantar gach leibhéal d'ordlathas INSPIRE a chur i láthair agus a anailísiú (féach Table 4.1). Beidh gá le breithniú cás ar chás ar chásanna casta nó caolchúiseacha agus d'fhéadfadh sé gur ghá dul i gcomhairle le scríbhneoirí ceadanna ag an údarás inniúil le EEA nó leis an gCoimisiún. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Deasc Chabhrach Tionscail EEA ag industry.helpdesk@eea.europa.eu.

([13]) Cé nach dtagraíonn gníomhaíocht an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha ach do 'tháirgeadh ar scála tionsclaíoch', tuigtear má tá acmhainneacht táirgeachta níos mó ná 50 tona in aghaidh an lae ag an ngníomhaíocht, go mbeadh sé sin faoi raon feidhme Ghníomhaíocht 6.6 den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha. Dá bhrí sin, tá sé intuigthe go dtagraíonn Gníomhaíocht 9 in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha do shuiteálacha ag a bhfuil toilleadh faoi bhun na tairsí sin.

*Tábla 4.1*

**Saintréithe geografacha eintiteas tionsclaíoch**

| Leibhéal an ordlathais | Tuairisc |
|---|---|
| Láithreán | An limistéar uileghabhálach talún ina n-áirítear saoráid aonair nó saoráidí iomadúla a bhfuil comhcheangal feidhmiúil acu, bíodh sé oibríochtúil, eacnamaíoch nó teicniúil. |
| Saoráid | Bailiúchán suiteálacha nó aonad teicniúil a oibríonn faoi chomhbhainistíocht oibreora. |
| Suiteáil | Aonad teicniúil fosaithe sonrach, nó grúpa aonad atá nasctha go teicniúil, laistigh de shaoráid ina dtarlaíonn gníomhaíochtaí tionsclaíocha. |
| Páirt de shuiteáil | Fo-chomhpháirteanna suiteála, amhail mórghléasra dócháin, comhloisceoir dramhaíola inlíne, gléasra dócháin meánmhéide (nach gcumhdaítear mar pháirt de shuiteáil na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha), a chuireann le hoibríochtaí foriomlána suiteála. |

## 4.1. Conas láithreán tionsclaíoch a shainaithint le haghaidh thuairisciú RTAT

Ba cheart na pointí seo a leanas a mheas chun cuidiú le láithreán tionsclaíoch ina bhfuil saoráid agus suiteáil amháin nó níos mó a thuairisciú.

— **Díriú ar an suíomh**: Tagraíonn an láithreán don suíomh fisiceach, ní gá gur saoráid ná suiteáil aonair atá ann.

— **An tábhacht a bhaineann leis an nasc:** Is féidir gníomhaíochtaí i limistéir ar leithligh a mheas mar chuid den láithreán céanna má tá baint dhíreach acu le nasc oibríochtúil, eacnamaíoch nó teicniúil. Is féidir cur síos a dhéanamh ar na coincheapa sin mar a leagtar amach thíos.

  — **Nasc oibríochtúil:** Nuair a oibríonn saoráidí éagsúla le chéile chun comhsprioc thionsclaíoch a bhaint amach, ba cheart breathnú orthu mar chuid de láithreán aonair. Mar shampla, má phróiseálann saoráid amháin amhábhair agus má chóimeálann saoráid eile an táirge deiridh, fágann a n-idirspleáchas go bhfeidhmíonn siad le chéile. Trí iad a thuairisciú mar láithreán amháin, áirithítear léiriú níos cruinne ar an gcaoi a n-oibríonn an próiseas tionsclaíoch ina iomláine.

  — **Nasc eacnamaíoch:** Is féidir saoráidí ar leithligh a mheas mar chuid den láithreán céanna más cuid de ghníomhaíocht eacnamaíoch aonair iad nó má rannchuidíonn siad le gníomhaíocht eacnamaíoch aonair, e.g. má chomhroinneann siad acmhainní airgeadais, bainistíocht nó cuspóirí eacnamaíocha. Leis an nasc sin, cuirtear i dtábhacht cineál comhtháite na n-oibríochtaí, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca lorg eacnamaíoch agus feidhmíocht na gníomhaíochta tionsclaíche iomláine a thuiscint má thuairiscítear na saoráidí sin mar láithreán amháin.

  — **Nasc teicniúil:** Má roinneann saoráidí bonneagar teicneolaíochta, fóntais nó próisis theicniúla, is féidir iad a mheas mar chuid den láithreán céanna. Cuireann a n-oibríochtaí idirnasctha le próiseas tionsclaíoch iomlán agus tugann aitheantas do na naisc sin sa tuairisciú léargas níos soiléire ar an líonra tionsclaíoch agus ar shreafaí acmhainní.

  Baineann tábhacht an naisc le léargas níos comhtháite a thabhairt ar ghníomhaíochtaí tionsclaíocha, lena n-áirithítear go léirítear go cruinn sna sonraí maidir leis na gníomhaíochtaí sin cineál idirnasctha na n-oibríochtaí thar réimsí éagsúla. Cuidíonn sé sin le scála, éifeachtúlacht agus raon feidhme an táirgthe thionsclaíoch a thuiscint ar bhealach níos éifeachtaí.

— **Úinéireacht:** Ní bhaineann úinéireacht talún le hábhar chun an láithreán a chinneadh.

— **Oibreoirí:** Is féidir a mheas go bhfuil saoráidí iomadúla (le hoibreoirí éagsúla) ar an láithreán céanna má tá comhcheangal feidhmiúil díreach idir a n-oibríochtaí (oibríochtúil, eacnamaíoch nó teicniúil).

— **Teorainneacha Láithreán:** Ní táscaire iontaofa iad fálta chun teorainneacha láithreáin a chinneadh.

— **Deighiltí fisiceacha gairide:** Ní chinneann bóthar nó ceart bealaigh a théann tríd an láithreán teorainn an láithreáin má tá na limistéir réasúnta gar.

**Sampla de thábhacht an naisc agus an tsuímh:** Is cuid den láithreán céanna iad umair stórála atá nasctha le gléasra ceimiceach trí phíblínte.

Mar sin féin, beidh gá le breithiúnas saineolach chun a chinneadh an mbaineann siad leis an láithreán céanna leis an bpríomhshaoráid. Ba cheart leibhéal an naisc theicniúil (e.g. píblínte, modhanna iompair) agus an tionchar foriomlán ar an gcomhshaol a mheas.

### 4.2. **Conas saoráid a shainaithint le haghaidh thuairisciú RTAT**

Chun teorainneacha saoráide a chinneadh, ba cheart na céimeanna seo a leanas a mheas.

— **Úinéireacht/oibreoir:** Tá oibreoir freagrach as na gníomhaíochtaí lena gcinntear teorainn saoráide. D'fhéadfadh sé gur duine dlítheanach nó nádúrtha iad a léasaíonn an tsaoráid nó an talamh ó úinéir, nó a d'fhéadfadh a bheith ina n-úinéir iarbhír. Tá an t-oibreoir sonraithe sa chead ábhartha. I gcás suiteáil de chuid na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha ag a bhfuil oibreoirí iomadúla faoi chead 'creata' amháin, déanann an sainmhíniú atá ar oibreoir an tsuiteáil cheadaithe amháin a dheighilt go fíorúil i roinnt saoráidí (le suiteáil amháin nó níos mó), agus gach ceann acu nasctha le gníomhaíochtaí sonracha a láimhseálann oibreoirí éagsúla. Cé gur 'páirteanna den tsuiteáil' iad sin go teicniúil le hoibreoirí ar leithligh, ceadaítear leis an gcur chuige sin tuairisciú laistigh de struchtúr saoráidí agus suiteálacha an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha. Ní gá cead a roinnt go hiarbhír; ní dhéantar an deighilt fhíorúil sin ach amháin chun an tuairisciú a ailíniú le sainmhíniú an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha ar shaoráid.

— **Suiteálacha Iomadúla:** Is féidir suiteálacha iomadúla a bheith ag saoráid aonair más í an chuideachta chéanna nó an duine céanna a oibríonn iad, má tá siad nasctha go feidhmiúil agus i ngaireacht réasúnach.

— **Nasc feidhmiúil:** Tagraíonn sé seo do ghníomhaíocht amháin nó níos mó ag saoráid atá in úsáid ag an oibreoir. Ní gá do na gníomhaíochtaí sin a bheith nasctha go teicniúil agus is féidir gníomhaíochtaí a chumhdaítear agus nach gcumhdaítear leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha araon a chuimsiú leo, mar shampla gléasra cóireála fuíolluisce tionsclaíoch lena gcóireáiltear láisteáit cóireála tionsclaíoch nó sloda séarachais (Gníomhaíocht 5.3(a) nó 5.3(b) den Treoir um Astaíochtaí Tionsclaíocha) agus gléasra cóireála fuíolluisce uirbigh lena gcóireáiltear séarachas tí (Gníomhaíocht 6 den Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha), arna n-oibriú ag an gcuideachta chéanna, le leibhéil éagsúla spleáchais. Sampla is ea gléasra cóireála fuíolluisce uirbigh a bhfuil gníomhaíocht láimhseála dramhaíola aige freisin a oibríonn an chuideachta chéanna taobh le taobh ag an suíomh céanna. Níl aon nasc teicniúil ag an dá shuiteáil, ach tá nasc feidhmiúil acu toisc go bhfuil an chuideachta freagrach as an dá ghníomhaíocht a oibriú.

### 4.3. **Conas suiteáil a shainaithint le haghaidh thuairisciú RTAT**

An 18 Eanáir 2019, chuir Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil bailiúchán ar fáil, *Freagraí ó Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil maidir le Cur Chun Feidhme na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha – Caibidil 1* ([14]) Cumhdaítear leis na ceisteanna agus na freagraí sin sainmhínithe ar shuiteáil, ar oibreoir, ar nasc teicniúil *etc*, agus breithníodh iad ar fud na roinne seo ar mhaithe le comhsheasmhacht leis na sainmhínithe a leagtar amach sa Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus sa Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha agus le léirmhínithe orthu.

Chun teorainneacha suiteála a chinneadh, ba cheart na pointí thíos a mheas agus a mheasúnú.

— **Suiteálacha Iomadúla:** Is féidir suiteáil amháin nó níos mó a bheith ag saoráid aonair an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha má oibríonn an chuideachta nó an duine céanna iad (féach Roinn 4.2).

— **Cumhdach ceadanna:**

  — Is féidir le cead amháin suiteáil amháin nó níos mó arna n-oibriú ag an oibreoir céanna ag an láithreán céanna a chumhdach (Airteagal 4(2) den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha).

  — Is féidir le cead tagairt a dhéanamh do níos mó ná oibreoir amháin a bhfuil freagrachtaí ar leith air maidir le gníomhaíochtaí sonracha a liostaítear sa chead céanna (Airteagal 4(3) den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha). I gcás thuairisciú RTAT, ní mór na gníomhaíochtaí sin a thuairisciú mar shaoráidí ar leithligh (le suiteálacha gaolmhara) toisc go bhfuil oibreoirí éagsúla acu. Níl i gceist leis na gníomhaíochtaí sin a roinnt ach ceanglas chun críocha thuairisciú RTAT. Ní gá an cead a roinnt go hiarbhír.

([14]) https://environment.ec.europa.eu/topics/industrial-emissions-and-safety/industrial-and-livestock-rearing-emissions-directive-ied-20_en, faoin mír 'Treoir agus rialacha cur chun feidhme' sa roinn maidir le 'Cur chun feidhme'.

— **Sainaithin an ghníomhaíocht** (nó na gníomhaíochtaí) a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha.

— **Sainaithin na haonaid theicniúla fhosaithe** ina bhfuil na gníomhaíochtaí ar siúl agus an bhfuil siad nasctha go teicniúil. Má tá siad nasctha go teicniúil, déan meastóireacht ar cé acu atá nó nach bhfuil na naisc láidir nó lag. Tugann nasc teicniúil láidir le fios gur cheart na haonaid theicniúla a mheas mar shuiteáil amháin. Mar sin féin, má tá an nasc lag, léiríonn sé go bhfuil níos mó ná suiteáil amháin ann.

— **I gcás gníomhaíochtaí an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha atá lasmuigh de raon feidhme na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha**, déanann siad an mheastóireacht chéanna ar naisc theicniúla a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar astaíochtaí agus ar thruailliú. Ba cheart a shainaithint sa mheastóireacht sin an bhfuil aon cheann de na gníomhaíochtaí sin (e.g. gníomhaíochtaí atá dírbhainteach, GDBanna) le cur san áireamh sa tsuiteáil ábhartha.

**Bosca 0.1: Tábhacht an oibreora faoin Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha**

Is minic a úsáidtear cead 'creata' lena n-áirítear oibreoirí iomadúla chun críoch rialála na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha le haghaidh láithreáin thionsclaíocha casta. Is iondúil go n-ailíníonn an cineál ceada seo le coincheap an láithreáin mar a shainmhínítear sa Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha agus mar a leagtar amach sa treoirdhoiciméad seo. Mar sin féin, ní chinntear leis an gcead creata an t-eintiteas tuairiscithe faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha agus na Treorach um Astaíochtaí Tionsclaíocha toisc go gceadaíonn sé do shuiteáil cheadaithe aonair níos mó ná oibreoir amháin a bheith aici. Dá bhrí sin, ceanglaítear le sainmhíniú an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha ar shaoráid, atá bunaithe ar an oibreoir, suiteáil cheadaithe ina bhfuil oibreoirí iomadúla a roinnt go fíorúil ina saoráidí ar leithligh de réir fhreagrachtaí gach oibreora. Is chun críocha thuairisciú RTAT amháin atá an roinnt fhíorúil seo agus ní gá an cead a roinnt go hiarbhír.

4.3.1. *Aonad teicniúil fosaithe*

Ní shainmhínítear an téarma 'aonad teicniúil fosaithe' go sainráite sa Rialachán INSPIRE, sa Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha ná sa Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha. Mar sin féin, bunaithe ar choincheap an 'aonaid theicniúil' agus ar an gceanglas maidir le suiteálacha a bheith fosaithe, ba cheart an sainmhíniú seo a leanas a mheas le haghaidh thuairisciú RTAT.

— Tagraíonn aonad teicniúil fosaithe, i gcomhthéacs an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha, d'fho-aonad teicniúil comhtháite amháin nó níos mó atá deartha agus feistithe go sonrach chun gníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le suiteáil (nó le GDB) agus atá lonnaithe go buan ag suíomh geografach seasta.

**Bosca 4.2: Tábhacht na n-aonad teicniúil**

— Cuidíonn coincheap na n-aonad teicniúil le raon feidhme suiteála a shoiléiriú.

— Cé go rialaítear leis an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha tuairisciú astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí a dhéantar i suiteáil ina bhfuil aonaid theicniúla, is féidir trealamh inaistrithe a úsáid fós sna suiteálacha sin. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha (mar is amhlaidh sa Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha) a mheas go bhfuil aonaid shoghluaiste fosaithe má oibríonn siad ag suíomh fosaithe ar feadh tréimhse shuntasach.

Is é is aidhm do na treoirlínte seo a leanas cabhrú le húdaráis inniúla agus le tuairisceoirí an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha a chinneadh an aonad teicniúil fosaithe é an t-aonad teicniúil.

Cad is aonad teicniúil fosaithe ann faoin Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha agus faoin Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha?

Meastar go bhfuil aonad teicniúil 'fosaithe' mura bhfuil sé beartaithe bogadh ó shuíomh amháin go suíomh eile. Ní chuireann sé sin cosc ar úsáid trealaimh shoghluaiste (aonaid theicniúla), amhail brúiteoirí, forcardaitheoirí agus innealra eile laistigh den tsuiteáil, ach ba cheart iad sin a eisiamh ó na ceanglais tuairiscithe a bhfuil feidhm acu maidir le haonaid theicniúla fhosaithe. I ndeireadh na dála, is faoin údarás inniúil atá sé stádas fosaithe na n-aonad teicniúil a chinneadh. Chun críocha an doiciméid seo, ní thagraíonn 'aonad teicniúil' ach d'aonaid theicniúla fhosaithe.

Cad faoi aonaid shoghluaiste a oibríonn in aon suíomh amháin ar feadh tréimhsí fada ama?

Is féidir aonaid 'shoghluaiste' atá ceaptha lena n-athlonnú, amhail táirgeadh tarmac nó loisceoirí le haghaidh ithir éillithe, a mheas mar aonaid fhosaithe má oibríonn siad ar láithreán sonrach ar feadh tréimhse shuntasach. Déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar gach cás bunaithe ar thosca amhail:

— an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na gníomhaíochtaí ar an gcomhshaol;

— fad measta agus iarbhír na hoibríochta ag an suíomh;

— an deacracht agus na hacmhainní is gá chun an t-aonad a bhogadh agus a chur ar bun: mar shampla, tá sé níos éasca aonad a bhfuil a rothaí féin aige a athlonnú ná aonad a bhfuil tógáil shuntasach i gceist leis ag gach láithreán.

I measc na bpríomhghnéithe a bhaineann le haonad teicniúil tá:

— Eintiteas comhtháite: Ní píosa trealaimh amháin é aonad teicniúil ach roinnt eilimintí a oibríonn le chéile mar shuiteáil. D'fhéadfadh ceann amháin nó níos mó de na heilimintí seo a leanas a bheith san áireamh leis sin:

  — trealamh (imoibreoirí, scagairí etc.);

  — déanmhais (foirgnimh, umair etc.);

  — bonneagar (píblínte, criosanna iompair etc.);

  — uirlisí agus innealra;

  — saoráidí chun ábhair a stóráil, a láimhseáil agus a réamhchóireáil;

  — córais faireacháin agus taifeadta.

— Deartha agus feistithe go sonrach: Roghnaítear na heilimintí in aonad teicniúil nó in aonaid theicniúla i suiteáil chun gníomhaíochtaí sonracha a liostaítear sa Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha nó GDB a dhéanamh. Ní áirítear leis sin gníomhaíochtaí amhail loscadh faoin aer, nach bhfuil aon trealamh tiomnaithe acu.

— Oibríochtaí comhtháite: Feidhmíonn na heilimintí sin le chéile ar bhealach comhordaithe chun toradh ar leith a bhaint amach i suiteáil an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha nó sa GDB.

Samplaí d'aonaid theicniúla

— Líne táirgthe ceimiceán i monarcha, ina bhfuil imoibreoirí idirnasctha, colúin driogtha agus píobánra chun amhábhair a phróiseáil.

— Gléasra tiomnaithe cóireála fuíolluisce atá lonnaithe go buan ar an láthair chun fuíolluisce ó shuiteáil a láimhseáil.

— Saoráid stórála ina bhfuil umair agus píblínte le haghaidh amhábhar nó táirgí críochnaithe, atá lonnaithe go buan sa phríomhshuiteáil agus comhtháite inti.

Cad nach gciallaíonn an t-aonad teicniúil

— Ní thagraíonn sé do phíosa amháin trealaimh.

— Ní gá go mbeadh ardleibhéal castachta teicneolaíochta i gceist leis.

— Ní cheanglaítear leis go mbeadh na heilimintí uile nasctha go fisiceach ná san fhoirgneamh céanna.

— Nasc teicniúil idir aonaid theicniúla.

Is féidir a mheas go bhfuil aonad teicniúil amháin nó níos mó a dhéanann gníomhaíocht amháin nó níos mó nasctha go teicniúil má tá nasc fisiceach nó spleáchas oibríochtúil eatarthu. Cuidíonn neart agus spleáchas an naisc lena chinneadh ar cheart na haonaid a mheas mar shuiteáil amháin nó mar shuiteálacha ar leithligh faoi thuairisciú RTAT.

Is féidir príomhghnéithe naisc theicniúil a mhiondealú mar seo a leanas:

— **Nasc fisiceach:** Tagraíonn sé seo do nasc fisiceach díreach idir na haonaid theicniúla. Ar shamplaí tá:

  — **Píblínte:** Amhábhair, táirgí nó sruthanna dramhaíola a iompar idir gníomhaíochtaí.

  — **Criosanna iompair:** Ábhair (solaid) a bhogadh idir na suiteálacha.

— **Línte cumhachta:** Leictreachas a sholáthar go díreach ó shuiteáil amháin chuig suiteáil eile nó chuig suiteálacha iomadúla.

— **Spleáchas oibríochtúil:** Tagraíonn sé seo dá fhíor-riachtanaí atá an t-aonad teicniúil le haghaidh phríomhoibriú na suiteála eile. Ar shamplaí tá:

— **Gléasra cóireála fuíolluisce ar an láthair:** Fuíolluisce a ghineann an tsuiteáil a chóireáil sula sceitear é.

— **Umair stórála thiomnaithe:** Amhábhair nó táirgí críochnaithe a choinneáil le haghaidh na suiteála go sonrach.

Is toisc ríthábhachtach é neart an naisc theicniúil chun a chinneadh an meastar go bhfuil dhá aonad theicniúla nó níos mó mar chuid den tsuiteáil chéanna. Tugann nasc teicniúil láidir le fios go dtacaíonn aonad teicniúil amháin go díreach leis na príomhghníomhaíochtaí agus go mbíonn tionchar aige ar thionchar aonaid theicniúil eile ar an gcomhshaol. Samplaí de naisc theicniúla:

— **Nasc teicniúil láidir:** umair stórála atá nasctha go díreach le gléasra ceimiceach chun amhábhair a chur isteach. Léiríonn an nasc fisiceach soiléir sin nasc teicniúil láidir, cé go bhfuil sé ríthábhachtach i gcónaí go ndéanfar dianmheasúnú chun a áirithiú go mbeidh an t-aonad teicniúil ag teastáil chun go n-oibreoidh an ghníomhaíocht. Dá mbeadh oibreoirí éagsúla ag an dá aonad, áfach, is suiteálacha éagsúla i saoráidí éagsúla a bheadh iontu.

— **Nasc teicniúil níos laige:** stóras ar leithligh ina stóráiltear táirgí críochnaithe ó ghléasra ceimiceach, fiú má tá siad suite ar an láithreán céanna. Gan nasc fisiceach díreach ná spleáchas oibríochtúil, d'fhéadfadh an nasc teicniúil a bheith níos laige.

I gcásanna teorannacha, tá sé ríthábhachtach na sonraí sonracha agus an leagan amach oibríochtúil a mheas chun a chinneadh an ann do nasc teicniúil. Is é an t-údarás inniúil ábhartha a dhéanann an measúnú sin agus dá bhrí sin is faoin údarás inniúil atá sé cinneadh a dhéanamh an gcáilíonn níos mó ná aonad teicniúil amháin mar shuiteáil chun críocha tuairiscithe faoin Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha.

Ba cheart an measúnú a bheith bunaithe ar chumraíochtaí suiteálacha atá réasúnta cobhsaí, gan socruithe sealadacha nó neamhghnácha a áireamh. Mar shampla, cumraíocht nach bhfuil i bhfeidhm ach amháin le linn athchóirithe nó cinneadh bunaithe ar imthosca eisceachtúla – amhail suiteáil amháin nach soláthraíonn amhábhair do cheann eile ach ó am go chéile nuair nach mbíonn foinsí eile ar fáil – níor cheart í a úsáid chun an tsuiteáil a shainiú. Cé go bhféadfadh athrú teacht ar shuiteálacha le himeacht ama mar gheall ar thosca amhail cumaisc nó fálacha, is é an sprioc an struchtúr idir an tsuiteáil, an tsaoráid agus an láithreán a choinneáil chomh cobhsaí agus chomh comhsheasmhach agus is féidir, rud a léiríonn gnáthoibríochtaí an láithreáin.

4.3.2. *Gníomhaíochtaí atá dírbhainteach*

I gcomhthéacs an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha agus na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, tagraíonn 'gníomhaíochtaí atá dírbhainteach' (GDBanna) do ghníomhaíochtaí nach bhfuil liostaithe in iarscríbhinní an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha agus na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (rud a chiallaíonn nach mbeadh cead ar leithligh ag teastáil uathu faoin Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha). Mar sin féin, tá an méid seo a leanas ag baint le GDBanna:

— tá siad nasctha go feidhmiúil agus go teicniúil le suiteáil ar an láithreán céanna; ciallaíonn sé sin go dtacaíonn siad le croíghníomhaíochtaí na suiteála nó go gcomhlánaíonn siad iad;

— is dócha go ndéanfaidh siad difear do thionchar foriomlán na suiteála ar an gcomhshaol.

Áirítear an méid seo a leanas ar phríomhghnéithe na GDBanna:

— Ról tacaíochta nó comhlántach: Is iondúil go soláthraíonn GDBanna seirbhísí nó láimhsíonn siad ábhair atá fíor-riachtanach chun suiteáil na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha a oibriú.

— Tionchar comhshaoil: D'fhéadfadh GDBanna, ach nach gníomhaíochtaí faoin Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha iad féin, tionchar a imirt ar astaíochtaí nó ar thionchar comhshaoil na príomhshuiteála. Agus measúnú á dhéanamh ar an tionchar, ba cheart don údarás inniúil breithniú a dhéanamh ní hamháin ar an bhféidearthacht go méadófaí astaíochtaí nó ar an tionchar ar an gcomhshaol le linn oibriú laethúil na suiteála ach ar an riosca go dtarlódh timpistí doirte freisin.

— Chun go mbeidh gníomhaíocht ina GDB, ní gá nasc fisiceach seasta a bheith ann (mar a tugadh faoi deara i mbailiúchán *Freagraí a rinne Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil maidir le Cur Chun Feidhme na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha – Caibidil 1, dar dáta an 18 Eanáir 2019*)([7])).

Samplaí de GDBanna:

— stóráil amhábhar nó táirgí críochnaithe atá nasctha go díreach le suiteáil, amhail umair nó sadhlanna ina bhfuil píblínte a chothaíonn an próiseas;

— gléasraí cóireála fuíolluisce a dheartar go sonrach chun fuíolluisce ó shuiteáil a láimhseáil;

— giniúint cumhachta nó teasa ar an láthair a úsáideann an tsuiteáil.

Mura bhfuil an ghníomhaíocht nach gcumhdaítear leis an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha nasctha go teicniúil (e.g. oifigí riaracháin ag láithreán tionsclaíoch), níor cheart iad a mheas mar GDBanna i gcomhthéacs an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha.

Baineann an príomh-idirdhealú idir GDB agus suiteáil ar leithligh le neart an naisc theicniúil le gníomhaíocht an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha. Is iad seo a leanas roinnt tosca atá le cur san áireamh:

— Nasc fisiceach: An bhfuil na gníomhaíochtaí nasctha go fisiceach trí phíblínte, criosanna iompair nó bonneagar comhchosúil?

— Spleáchas oibríochtúil: An mbraitheann an tsuiteáil ar an GDB le haghaidh a phríomhoibríochtaí?

— Tionchar comhshaoil: An ndéanann an GDB difear mór d'astaíochtaí foriomlána nó do lorg comhshaoil na suiteála?

I ndeireadh na dála, mar is amhlaidh i gcás suiteálacha, is ar an údarás inniúil ábhartha a chinneadh cé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn gníomhaíocht mar GDB. Ba cheart dóibh na tosca thuasluaite a mheas chun a chinneadh ar cheart an ghníomhaíocht a thuairisciú in éineacht le suiteáil an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha.

Má dhéanann suiteáil gníomhaíochtaí a chumhdaítear le hIarscríbhinn I agus gníomhaíochtaí nach gcumhdaítear le hIarscríbhinn I araon, ba cheart na scaoiltí agus na haistrithe lasmuigh den láthair ó na gníomhaíochtaí nach gcumhdaítear le hIarscríbhinn I a eisiamh ó na sonraí tuairiscithe a thuairiscítear faoin Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha (ach amháin más GDB atá i gceist). D'fhéadfadh sé nach bhféadfaí rannchuidithe na ngníomhaíochtaí nach gcumhdaítear le hIarscríbhinn I a dheighilt agus a chainníochtú, e.g. i gcás nach ann do phointe samplála le haghaidh na gníomhaíochta nach gcumhdaítear le hIarscríbhinn I (i gcás córais séarachais atá thar a bheith fite fuaite ina chéile). Sa chás sin, d'fhéadfadh sé a bheith praiticiúil agus costéifeachtach na scaoiltí ó ghníomhaíochtaí nach gcumhdaítear le hIarscríbhinn I mar aon leo siúd ó ghníomhaíochtaí Iarscríbhinn I a thuairisciú.

## 5. SAMPLAÍ EARNÁLA

Cuirtear i láthair sa roinn seo roinnt samplaí d'earnálacha éagsúla a bhfuil leibhéil éagsúla castachta acu a léiríonn na coincheapa a dtugtar tuairisc orthu thuas. Beidh gá le breithniú cás ar chás ar chásanna casta nó caolchúiseacha agus d'fhéadfadh sé gur ghá dul i gcomhairle le scríbhneoirí ceadanna ag an údarás inniúil le EEA nó leis an gCoimisiún. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Deasc Chabhrach Tionscail EEA ag industry.helpdesk@eea.europa.eu.

### 5.1. **Earnáil na cumhachta**

Léiríonn an sampla i bhFíor 5.1 suíomh giniúna leictreachais ina bhfuil dhá mhórghléasra dócháin. Tá an méid seo a leanas inti: (i) dhá ghástuirbín comh-thimthrialla (GTCTanna) 100 MW, a bhfuil toilleadh níos mó ná 50 MW agus a shimléar féin ag gach ceann acu; (ii) coire dócháin ag a bhfuil toilleadh 45 MW; agus (iii) gineadóir díosail éigeandála ag a bhfuil toilleadh 10 MW. Is í Gníomhaíocht 1.1 *Dóchán breoslaí i suiteálacha ag a bhfuil ionchur teirmeach rátaithe iomlán 50 MW nó níos mó* an t-aon ghníomhaíocht de chuid an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha ábhartha sa sampla seo. Cé go bhfuil roinnt aonad teicniúil ann, mheasfaí iad uile a bheith mar chuid d'aon suiteáil amháin, a bheadh mar chuid de shaoráid amháin agus d'aon láithreán amháin. Soláthraítear treoraíocht maidir le prionsabal an tsimléir choitinn a chur i bhfeidhm (Airteagal 29 den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha) i Roinn 2.2.3 den Lámhleabhar do Thuairisceoirí le haghaidh Tuairisciú Comhtháite Sonraí E-PRTR agus mórghléasra dócháin. Mínítear i Roinn 2.2.3 conas a chinneadh an féidir na haonaid éagsúla a mheas mar mhórghléasra dócháin faoi Chaibidil III den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha. Má mheastar gur mórghléasra dócháin iad, ba cheart na haonaid a thuairisciú mar pháirt de shuiteáil ina bhfuil na sonraí uile is gá, amhail ionchur teirmeach rátaithe, ionchur fuinnimh, uaireanta oibriúcháin nó astaíochtaí.

Is GDB é an gineadóir éigeandála sa sampla seo. Tá nasc teicniúil soiléir aige le gníomhaíocht an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha toisc gurb é an t-aon chuspóir atá leis cumhacht éigeandála a sholáthar. Ba cheart an gineadóir éigeandála agus an coire 45 MW, a cheadófaí ar leithligh mar ghléasra dócháin meánmhéide, a thuairisciú in éineacht leis na hastaíochtaí don tsuiteáil, ach ní mar chuid de na mórghléasraí dócháin. Mar a thugtar faoi deara in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha, ní gá gléasraí dócháin meánmhéide a thuairisciú ina n-aonar má tá siad mar chuid de shuiteáil na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

Sa dara sampla d'earnáil na cumhachta i bhFíor 5.2, tá oibreoir difriúil ag gástuirbíní comh-thimthrialla ná na haonaid dócháin níos lú. Dá bhrí sin, sa sampla seo, tá dhá shaoráid le suiteáil amháin an ceann. Dá n-eiseofaí an tsuiteáil le cead chreata lena gcumhdaítear na haonaid dócháin uile, níor mhór an tsuiteáil a roinnt go fíorúil ina dhá chuid (mar a léirítear sa dara léaráid) ach chun críocha thuairisciú RTAT amháin. Mar a leagtar amach sa Lámhleabhar do Thuairisceoirí, bheadh

suiteáil ag Saoráid 2 a dhéanann Gníomhaíocht 1.1, toisc go sáraíonn an toilleadh iomlán 45 MW + 10 MW an tairseach 50 MW. I gcás Shaoráid 2, áfach, ní thuairisceofaí aon mhórghléasra dócháin mar pháirteanna de shuiteáil i ngeall ar na rialacha comhiomlánaithe i gCaibidil III, nach bhfuil feidhm acu ach amháin maidir le haonaid ag a bhfuil toilleadh 15 MW nó níos mó.

Ar an taobh eile, bheadh suiteáil ag Saoráid 1 a dhéanann Gníomhaíocht 1.1 agus dhá pháirt de shuiteáil de 100 MW an ceann nó páirt amháin de shuiteáil de 200 MW. B'amhlaidh an cás dá mbeadh simléar coiteann ag an dá aonad nó má shuiteáiltear iad ar bhealach, agus tosca teicniúla agus eacnamaíocha á gcur san áireamh, go mbreithneodh an t-údarás inniúil go bhféadfaí a ndramhgháis a sceitheadh trí shimléar coiteann (Airteagal 29 den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha).

*Fíor 5.1*

**Sampla de láithreán giniúna leictreachais ina bhfuil oibreoir amháin**




*Fíor 5.1*

**Sampla de láithreán giniúna leictreachais ina bhfuil dhá oibreoir**



5.2. **Earnáil na dramhaíola**

Is éard atá sa sampla seo saoráid bainistithe dramhaíola ina bhfuil trí aonad theicniúla: (i) líonadh talún; (ii) aonad próiseála dramhaíola; agus (iii) gléasra bithgháis. I bhFíor 5.3, faigheann an líonadh talún in aice láimhe (Suiteáil 1) dramhaíl neamh-in-aisghabhála ón ngléasra próiseála. Níl sé nasctha go teicniúil leis an ngléasra bithgháis ná leis an ngléasra próiseála dramhaíola, fiú má fhaigheann sé dramhaíl uathu, toisc go meastar gur láithreán diúscartha deiridh é. Thairis sin, ós rud é gur diúscairt príomhchuspóir an líonta talún, rud atá éagsúil le gníomhaíochtaí na n-aonad eile atá dírithe ar aisghabháil, aicmítear é mar shuiteáil ar leithligh (Gníomhaíocht 5.4 de chuid Treorach um Astaíochtaí Tionsclaíocha).

Is gléasra próiseála dramhaíola í suiteáil 2 a ullmhaíonn dramhaíl don líonadh talún agus don ghléasra bithgháis araon, agus aistríonn sí dramhaíl eile chuig suíomhanna seachtracha freisin. Cé go soláthraíonn sí bunábhar don ghléasra bithgháis, is oibríochtaí meicniúla iad a hoibríochtaí, agus d'fhéadfadh an gléasra bithgháis dramhaíl a fhoinsiú ó shuíomhanna eile. Ós rud é go mbaineann cineál éagsúil tionchair ar an gcomhshaol leis agus nach comhpháirt chriticiúil í den phróiseas táirgthe bithgháis, meastar gur suiteáil ar leithligh í.

I gcás malartach i bhFíor 5.4, chinn an t-oibreoir gurb é is cuspóir don ghléasra próiseála dramhaíola – trí úsáid a bhaint as aonaid díleá tosaigh atá deartha chun cliseadh ábhair a fheabhsú agus an tsubstráit a théamh, agus chuige sin amháin – feidhmiú mar aonad réamhchóireála don ghléasra bithgháis. Tá an réamhchóireáil sin fíor-riachtanach chun go bhfeidhmeoidh an próiseas díleá i gceart agus baineann próiseas bitheolaíoch léi a leanann an chéad phróiseáil mheicniúil. Dá bhrí sin, sa chás sin, tá an gléasra próiseála dramhaíola agus an gléasra bithgháis (Gníomhaíocht 5.3(a)(i) nó 5.3(b)(i) den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha) nasctha go teicniúil – is suiteáil amháin iad.

Féadfaidh an dá shuiteáil a bheith ina saoráid amháin nó gan a bheith ina saoráid amháin; beidh sé sin ag brath ar cé acu atá nó nach bhfuil oibreoirí ar leithligh acu. D'fhéadfaí na heintitis uile sin a mheas mar chuid de láithreán amháin.

Féach Roinn 5.5 le haghaidh samplaí d'aistrithe fuíolluisce, ar féidir roinnt acu a thuairisciú mar thonnáiste dramhaíola, ar láithreán tionsclaíoch casta ina bhfuil gléasra cóireála fuíolluisce.

*Fíor 5.3*

**Sampla de láithreán bainistithe dramhaíola ina bhfuil trí shuiteáil**



*Fíor 0.4*

**Sampla de láithreán bainistithe dramhaíola ina bhfuil dhá shuiteáil**




5.3. **Scaglann agus láithreán peitriceimiceach**

Léiríonn an sampla i bhFíor 5.5 scaglann atá suite in aice le gléasra peitriceimiceach. Áirítear ar chomhpháirteanna na scaglainne aonad driogtha a sholáthraíonn táirge don athchóiritheoir agus don leachtscoilteoir catalaíoch, a sholáthraíonn táirge don ghléasra ailcilithe. Sa sampla, measann an t-údarás inniúil go bhfuil na haonaid theicniúla sin uile nasctha go láidir go teicniúil agus gur suiteáil amháin iad dá bhrí sin. Soláthraíonn gléasra cumhachta laistigh den scaglann cumhacht do gach ceann de na haonaid theicniúla scagtha. Cé go n-onnmhairítear cumhacht bhreise lasmuigh den scaglann chuig an eangach, tá gá le formhór na cumhachta is gá le haghaidh oibriú na scaglainne. Dá réir sin, tá nasc teicniúil láidir ann, agus meastar gur cuid den tsuiteáil chéanna é an gléasra cumhachta freisin.

Ceann de ghníomhaíochtaí na scaglainne is ea nafta a sholáthar don ghléasra peitriceimiceach. Tá an t-oibreoir céanna ach próisis éagsúla ag an scaglann agus ag an ngléasra araon. Déanfaidh an gléasra peitriceimiceach an nafta a phróiseáil a thuilleadh ina thacar díorthach a úsáidtear go hiartheachtach chun rubar, plaistigh, snáithíní, roisíní a tháirgeadh etc. Cuirtear an nafta a tháirgeann an scaglann chuig suíomhanna agus custaiméirí eile freisin, agus d'fhéadfadh an gléasra peitriceimiceach nafta a tháirgtear in áiteanna eile a úsáid. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh an t-údarás inniúil a bhfuil an measúnú á dhéanamh aige a mheas go bhfuil an nasc teicniúil lag. Dá bhrí sin, ba cheart breathnú ar an ngléasra scaglainne agus peitriceimiceach mar shuiteálacha ar leithligh. Mar sin féin, sa sampla, tá an t-oibreoir céanna ag na suiteálacha sin agus tá siad mar chuid de shaoráid amháin. Gan aon saoráid ghaolmhar eile, is ionann an tsaoráid seo agus an láithreán ar fad.

*Fíor 5.5*

**Sampla de scaglann agus de láithreán peitriceimiceach**




5.4. **Láithreán tionscail cógaisíochta**

Tá an sampla i bhFíor 5.6 casta d'aon ghnó ionas gur féidir coincheapa iomadúla a léiriú.

Déanann Saoráid 1 próiseas dócháin chun teas agus leictreachas a ghiniúint. Soláthraítear an teas do na himoibreoirí i Saoráid 2. Tá Saoráid 1 ina hiomláine faoi úinéireacht 'Energy Ltd'. Tá trí aonad dócháin ann (Aonaid 1, 2 agus 3) agus, ós rud é gur coirí neamhspleácha iad gach ceann acu le simléir neamhspleácha, measann an t-údarás inniúil gur aonaid theicniúla ar leithligh iad faoi Airteagal 29(2) den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha. Tá nasc teicniúil ag na haonaid sin uile agus dá bhrí sin is suiteáil amháin iad, Suiteáil 1. Is é príomhchuspóir na suiteála seo cumhacht a sholáthar do na suiteálacha eile ar an láithreán, agus soláthraítear cumhacht iomarcach don eangach phoiblí.

Is saoráid cógaisíochta faoi úinéireacht 'Pharma Ltd' í Saoráid 2. Tá ceithre fho-aonad éagsúla sa tsaoráid seo. Is iad Aonad 4 agus Aonad 5 na himoibreoirí a tháirgeann an táirge cógaisíochta. Is gléasra cóireála fuíolluisce é Aonad 6 atá nasctha go feidhmiúil leis na himoibreoirí, agus stórálann Aonad 7 amhábhair. Tá na haonaid sin uile nasctha go teicniúil agus tá siad fíor-riachtanach d'fheidhmiú na saoráide ar fad. Dá bhrí sin, is suiteáil aonair iad go léir, Suiteáil 2.

Déanann Saoráid 3, atá faoi úinéireacht 'Supply Ltd', gníomhaíocht cheimiceach a tháirgeann tuaslagóirí bithcheimiceacha agus orgánacha. Úsáidtear iad sin i Saoráid 2 ach úsáideann cuideachtaí eile lasmuigh den láithreán iad freisin. Tá dhá shuiteáil neamhspleácha ag an tsaoráid sin nach bhfuil nasc teicniúil acu agus a úsáideann próisis cheimiceacha atá go hiomlán difriúil. Is imoibreoir bithcheimiceach é Suiteáil 3 a tháirgeann tuaslagóir bithcheimiceach; baineann aonad aonair, Aonad 8, leis an tsuiteáil sin. Is imoibreoir ceimiceach (Aonad 9) é Suiteáil 4 a dhéanann tuaslagóir orgánach a scagadh.

Is láithreán aonair iad na trí shaoráid atá á n-oibriú ag Energy Ltd, Pharma Ltd agus Supply Ltd ós rud é go bhfuil na trí chuideachta sin i mbun gníomhaíochtaí a bhfuil cuspóir coiteann acu agus go bhfuil baint acu le táirgeadh cógaisíochta sa chás seo.

Cé go bhfuil nasc teicniúil ag Suiteáil 1 agus Suiteáil 2, tá siad á n-oibriú ag dhá eintiteas dhlíthiúla éagsúla (Energy Ltd agus Pharma Ltd). Ciallaíonn sé sin, cé go bhféadfaí iad a mheas mar shuiteáil aonair, nach mór iad a thuairisciú faoin Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha mar shuiteálacha ar leithligh laistigh de shaoráidí ar leithligh. Tá feidhm ag prionsabail chomhchosúla maidir le gléasraí ceimiceacha níos casta a dhéanann roinnt gníomhaíochtaí de chuid na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

*Fíor 0.6*

**Sampla de láithreán tionscail cógaisíochta**




I bhFíor 5.7 léirítear an cás ar a dtugtar tuairisc i bhFíor 5.6 ach tar éis do Pharma Ltd Aonaid 8 agus 9 a cheannach agus a thógáil ar láimh ó Supply Ltd, lena gcomhcheanglaítear Saoráidí 2 agus 3 in aon saoráid amháin ar an láithreán.

*Fíor 5.7*

**Sampla de láithreán tionscail cógaisíochta tar éis an t-oibreoir a athrú**



5.5. **Sceitheadh uisce ó shuiteálacha iomadúla ag an láithreán céanna**

Má fhreastalaíonn gléasra cóireála fuíolluisce tionsclaíoch a oibrítear go neamhspleách ar shaoráidí éagsúla eile ar láithreán tionsclaíoch, ba cheart an gléasra cóireála fuíolluisce a dheighilt agus a thuairisciú mar shaoráid agus suiteáil eile. Is amhlaidh atá, mar shampla, i gcás Ghníomhaíocht 6.11 den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, a shainmhínítear mar 'Cóireáil fuíolluisce a oibrítear go neamhspleách agus nach gcumhdaítear le Treoir 91/271/CEE agus a sceitear ag suiteáil a chumhdaítear le Caibidil II'. I bhFíor 5.8 léirítear an cás sin; tá oibreoir difriúil ag gléasra cóireála fuíolluisce le Suiteálacha 1, 3 agus 4 agus, dá bhrí sin, is saoráid amháin é le suiteáil amháin. Dá bhrí sin, ba cheart scaoiltí truailleán a thuairisciú le haghaidh gléasra cóireála fuíolluisce má sháraítear na tairseacha truailleán a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha. Ba cheart aistrithe truailleán a thuairisciú le haghaidh na suiteálacha eile má sháraíonn siad na tairseacha a shonraítear in Iarscríbhinn II.

Má tá gléasra cóireála fuíolluisce neamhspleách ar an láithreán tionsclaíoch sin, i gcás nach dócha, in éineacht le gléasra cóireála fuíolluisce uirbigh os cionn 100 000 coibhéis daonra (p.e., Gníomhaíocht 6 den Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha), moltar é a thuairisciú mar shuiteáil ar leithligh toisc gur féidir leis oibriú go neamhspleách. Sa chás sin, ba cheart aon aistriú fuíolluisce ó Shuiteálacha 1, 3 agus 4 chuig gléasra cóireála fuíolluisce uirbigh a thuairisciú mar aistrithe truailleán, ar choinníoll go sáraíonn siad na tairseacha a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha.

*Fíor 0.8*

**Sampla de sceitheadh uisce ó shuiteálacha iomadúla ag an láithreán céanna arna chóireáil ag gléasra cóireála fuíolluisce a oibrítear go neamhspleách**




I bhFíor 5.9 taispeántar an cás nach bhfuil gléasra cóireála fuíolluisce neamhspleách toisc go bhfuil an t-oibreoir céanna aige agus atá ag aonaid theicniúla eile. Mar shampla, meastar go bhfuil neart an naisc theicniúil idir an dá aonad theicniúla ar Suiteáil 2 láidir go leor (ag an údarás inniúil) chun suiteáil amháin a chruthú. Mar sin féin, meastar nach bhfuil an nasc teicniúil láidir go leor idir an t-imoibreoir ceimiceach, an t-imoibreoir bithcheimiceach agus gléasra cóireála fuíolluisce chun suiteáil amháin a dhéanamh díobh ar fad. Níor cheart na haistrithe fuíolluisce ón imoibreoir ceimiceach ar Shuiteáil 2 a thuairisciú toisc go meastar gur aistrithe ar an láthair iad, ar choinníoll go dtagann gléasra cóireála fuíolluisce faoi raon feidhme Ghníomhaíocht 5.3(a) den Threoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

Ba chleachtas coiteann é sin freisin agus Gníomhaíocht 5(c) á tuairisciú i raon feidhme réamhtheachtaí an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha (an Clár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán (PRTR Eorpach), arna chur chun feidhme le Rialachán (AE) Uimh. 166/2006) nuair atá an cineál dramhaíola mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II A a ghabhann le Treoir 2008/98/CE faoi cheannteidil D8 agus D9. Ar an taobh eile, mura dtagann an gléasra cóireála fuíolluisce faoi raon feidhme Ghníomhaíocht 5.3(a) den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha nó mura dtagann sé faoi raon feidhme D8 agus D9, ba cheart aistrithe fuíolluisce ó Shuiteáil 1 agus 3 a thuairisciú mar aistrithe truailleán. I gceachtar cás, ba cheart do Shuiteáil 2 scaoileadh truailleán a thuairisciú má sháraíonn siad sin na tairseacha a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha.

*Fíor 5.9*

**Sampla de ghléasra cóireála fuíolluisce atá nasctha go teicniúil le haonad ar an tsuiteáil chéanna**




I bhFíor 5.10 cuirtear i láthair an cás ina bhfuil gléasra cóireála fuíolluisce uirbigh, a fhreastalaíonn ar níos lú ná 100 000 coibhéis daonra, mar chuid den láithreán (ós rud é go bhfuil sé nasctha go feidhmiúil le haonaid eile ar an láithreán), ach go ndéanann sé gníomhaíocht nach gcumhdaítear leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha ná sa Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha. Thuairisceodh Suiteálacha 1, 2 agus 3 a bhfuíolluisce mar aistrithe truailleán. Mar sin féin, níor cheart sceitheadh truailleán san uisce ó ghléasra cóireála fuíolluisce a thuairisciú faoin Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha ós rud é nach bhfuil gléasraí cóireála fuíolluisce faoina raon feidhme.

*Fíor 0.10*

**Sampla de sceitheadh uisce ó dhá shuiteáil chuig gléasra cóireála fuíolluisce nach gcumhdaítear leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha ná leis an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha arna oibriú ag oibreoir neamhspleách**



5.6. **Suiteálacha le haghaidh diantógáil éanlaithe clóis nó muc agus seamlas**

Is minic a bhíonn seamlais suite gar do dhianoibríochtaí feirmeoireachta. I bhFíor 5.11 léirítear an cás sin, cás ina bhfuil an seamlas á reáchtáil ag 'Abattoir Ltd' agus an fheirm éanlaithe clóis ag 'Poultry Ltd'. Fiú má tá na haonaid theicniúla sin nasctha go dlúth le chéile, mheasfaí fós gur dhá shaoráid ar leith iad (Saoráid 1 agus 2) le haghaidh thuairisciú RTAT toisc go bhfuil oibreoirí éagsúla acu.

*Fíor 5.11*

**Sampla simplí de dhianoibríocht tógála éanlaithe clóis agus seamlas in aice láimhe**




Mar sin féin, dá mbunódh agus dá n-oibreodh 'Abattoir Ltd' aonad diantógála muc agus aonad cránacha in aice leis an seamlas, mheasfaí gur saoráid aonair iad na haonaid sin, mar a léirítear i bhFíor 5.12. Sa chás sin, d'fhéadfadh na haonaid muc agus cránacha agus an seamlas suiteálacha aonair a dhéanamh laistigh den tsaoráid chéanna ag brath ar neart an naisc theicniúil arna chinneadh ag an údarás inniúil.

*Fíor 0.12*

**Sampla níos casta de láithreán tionsclaíoch tógála agus próiseála beostoic ina bhfuil oibreoirí éagsúla**



5.7. **Earnálacha agus gníomhaíochtaí nach gcumhdaítear leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha**

5.7.1. *Gléasraí dócháin meánmhéide*

Tá ceanglais tuairiscithe éagsúla ag an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha, an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus Treoir (AE) 2015/2193 (Treoir GDMM). Tá feidhm shonrach ag ceanglais an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha i dtaca le gléasraí dócháin meánmhéide níos mó ag a bhfuil ionchur teirmeach idir 20 MW agus 50 MW i gcás nach gcumhdaítear iad le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha. Tá na gléasraí sin, chomh maith le gléasraí dócháin meánmhéide níos lú, faoi réir ceanglais tuairiscithe rialta na Treorach maidir le Gléasraí Dócháin Meánmhéide, lena n-áirítear sonraí astaíochtaí iarbhír, cineálacha breosla agus cainníochtaí a úsáidtear, agus acmhainneacht, ar leibhéal comhiomlánaithe.

Faoi cheanglais tuairiscithe RTAT, níl na gléasraí dócháin meánmhéide níos mó (20-50 MW) ar suiteáil gléasra dócháin meánmhéide amháin iad le tuairisciú ar leithligh ach amháin nuair nach páirt de shuiteáil na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha iad. Ar láithreán ina bhfuil suiteáil a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha ach **nach** dtagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, tá gléasraí dócháin meánmhéide ar an láithreán ag a bhfuil ionchur teirmeach rátaithe 20-50 MW le tuairisciú mar shuiteáil ar leithligh. Féach an sampla i Roinn 5.7.3 ina bhfuil gléasra dócháin meánmhéide mar fhoinse chumhachta ag mianach dromchla nach dtagann faoi raon feidhme Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

Ba cheart gach aonad teicniúil de ghléasraí dócháin meánmhéide aonair a thuairisciú mar pháirteanna de shuiteáil laistigh de shuiteáil an ghléasra dócháin mheánmhéide. Ba cheart astaíochtaí a thuairisciú ar leibhéal na suiteála. Beidh líon na suiteálacha a bheidh le tuairisciú ar shaoráid ghléasra dócháin meánmhéide an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha ag brath ar na naisc theicniúla a phléitear i Roinn4.3.2. Thiocfadh roinnt gléasraí dócháin meánmhéide atá nasctha le chéile chun suiteáil a dhéanamh ag a bhfuil ionchur teirmeach rátáilte 50 MW aige faoi Ghníomhaíocht 1.1 den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus ba cheart iad a thuairisciú mar shuiteáil seachas mar ghléasraí dócháin meánmhéide.

Agus tuairisciú á dhéanamh do Chlárlann AE um Láithreáin Thionsclaíocha, meastar gur páirt de shuiteáil iad gléasraí dócháin meánmhéide a roinneann simléar coiteann. Faoin Treoir maidir le Gléasraí Dócháin Meánmhéide, tá gléasraí dócháin le comhiomlánú má tá siad nasctha le simléar coiteann nó má tá 'tosca teicniúla agus eacnamaíocha á gcur san áireamh, d'fhéadfaí dramhgháis ó ghléasraí dócháin meánmhéide den sórt sin, i dtuairim an údaráis inniúil, a sceitheadh trí shimléar coiteann' mar a luaitear in Airteagal 4 den Treoir maidir le Gléasraí Dócháin Meánmhéide. Tá an cur chuige sin ag teacht beagán leis an sainmhíniú agus leis an tuairisciú ar pháirteanna de shuiteáil mórghléasraí dócháin, ach ba cheart na tairseacha acmhainneachta éagsúla lena sainítear gach gníomhaíocht (i.e. 20-50 MW nó os cionn ionchur teirmeach 50 MW) a thabhairt faoi deara. Níl aon sainmhíniú ar 'suiteáil' sa Treoir maidir le Gléasraí Dócháin Meánmhéide; mar sin féin, is ionann an sainmhíniú ar oibreoir agus an sainmhíniú atá sa Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha. Dá bhrí sin, ba cheart freagrachtaí an oibreora, mar a úsáidtear iad sa doiciméad seo chun raon feidhme saoráide a chinneadh, a úsáid chun saoráidí a shainiú agus, dá bhrí sin, saineofar leo suiteálacha ag saoráidí.

De ghnáth, beidh caidreamh aon le haon ann idir an tsaoráid agus an tsuiteáil maidir le gléasraí dócháin meánmhéide le haghaidh thuairisciú RTAT. Mar sin féin, is féidir páirteanna iomadúla de shuiteáil a bheith ag gléasra dócháin meánmhéide le tuairisciú do Chlárlann AE maidir le Láithreáin Thionsclaíocha.

5.7.2. *Mianadóireacht faoi thalamh agus oibríochtaí gaolmhara, lena n-áirítear eastóscadh amhola nó gáis ar tír nó amach ón gcósta (i gcás nach gcumhdaítear iad le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha)*

Baineann an chaibidil seo den treoraíocht le suiteálacha nach gcumhdaítear le Gníomhaíocht 3.6. den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

De ghnáth, beidh caidreamh aon le haon idir an tsaoráid agus an tsuiteáil le haghaidh mianadóireacht faoi thalamh agus oibríochtaí gaolmhara bunaithe ar an oibreoir. Eisceacht a d'fhéadfadh a bheith ann dá mbeadh níos mó ná mianach amháin ann, mar shampla le haghaidh ábhar éagsúla, an-ghar dá chéile, agus dá mbeadh na mianaigh sin á n-oibriú ag an gcuideachta chéanna. Ós rud é nach bhfuil aon nasc teicniúil idir an dá mhianach, d'fhéadfaí an cás sin a mheas mar shaoráid amháin lena gcumhdaítear dhá shuiteáil.

I gcás oibríochtaí ola agus gáis, is iondúil go mbeidh caidreamh aon le haon idir an tsaoráid agus an tsuiteáil. Ba cheart olacheantar agus gáscheantar amháin ina bhfuil go leor toibreacha nó ardán atá á n-oibriú ag an gcuideachta chéanna a aicmiú mar shuiteáil amháin. Glactar leis go bhfuil nasc teicniúil ann i gcás na dtoibreacha: (i) a chomhroinneann bonneagar (e.g. píblínte, saoráidí próiseála, umair stórála, córais bhladhmtha); (ii) a oibríonn mar aonad aonair faoin oibreoir céanna; agus (iii) a bhraitheann go feidhmiúil ar a chéile (i.e. déanann oibríocht tobair amháin difear do phróifíl astaíochtaí duine eile). Má tá oibreoirí iomadúla i gceist, mheasfaí go bhfuil saoráidí iomadúla ag an láithreán amháin atá sainithe ag an olacheantar agus ag an ngáscheantar. Mura bhfuil aon nasc teicniúil idir toibreacha éagsúla, áfach, d'fhéadfaí iad a mheas mar shuiteálacha éagsúla. Mar is gnách, is faoin údarás inniúil atá sé a chinneadh an ann do nasc teicniúil.

5.7.3. *Mianadóireacht dromchla agus cairéalacht (i gcás nach gcumhdaítear iad le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus i gcás inarb ionann achar dromchla éifeachtach faoi oibríocht eastóscach agus 25 heicteár)*

Baineann an treoraíocht seo le suiteálacha nach gcumhdaítear le Gníomhaíocht 3.6 sa Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

De ghnáth, beidh caidreamh aon le haon idir an tsaoráid agus an tsuiteáil le haghaidh oibríochtaí mianadóireachta agus oibríochtaí eile. Eisceacht a bheadh ann aghaidh oibre amháin nó níos mó a bheith ag saoráid a eastóscann cineálacha éagsúla ábhar nó nuair a chumhdaigh saoráid limistéar saothraithe amháin ar dtús le haghaidh mianra ar leith (e.g. cairéal) agus limistéar saothraithe eile le haghaidh mianra eile. Tabhair faoi deara go sainmhínítear Gníomhaíocht 3.6 nua den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha mar 'Eastóscadh lena n-áirítear oibríochtaí cóireála ar an láthair, amhail mionú, rialú méide, tairbhiú agus uasghrádú na mianta seo a leanas ar scála tionsclaíoch: báicsít, cróimiam, cóbalt, copar, ór, iarann, luaidhe, litiam, mangainéis, nicil, pallaidiam, platanam, stán, tungstan agus sinc'. Má fhorbraíonn údaráis inniúla tacar critéar chun raon feidhme agus teorainneacha suiteála a chinneadh le haghaidh ghníomhaíocht 3.6 den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha is féidir a bheith infheidhme maidir le mianadóireacht faoi thalamh agus mianadóireacht dromchla nach gcumhdaítear le hIarscríbhinn I, féadfar na critéir sin a chur i bhfeidhm maidir le mianaigh nach gcumhdaítear leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha ar mhaithe le comhsheasmhacht.

I ngnáthoibríocht chairéil, áirítear ar na gníomhaíochtaí carraig a bhriseadh trí dhruileáil agus pléascadh. Is suiteáil de chuid an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha é an cairéal, agus is í an mhianadóireacht dromchla agus an chairéalacht príomhghníomhaíocht an chairéil (i gcás nach gcumhdaítear é le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha), i.e. cumhdaítear le Gníomhaíocht 5 den Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha é. Ar an láthair, is minic a bhíonn gléasra brúite, a d'fhéadfadh a bheith fosaithe nó soghluaiste. Mheasfaí gléasra brúite fosaithe a bheith mar pháirt den tsuiteáil, agus chaithfí a astaíochtaí a thuairisciú (féach Fíor 5.13).

Ina theannta sin, d'fhéadfadh foinse fuinnimh a bheith ag an láithreán, amhail aonad dócháin, lena soláthraítear cumhacht le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla ar an tsaoráid. Má cháilíonn an gléasra dócháin sin mar ghníomhaíocht faoin Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha (e.g. gléasra dócháin meánmhéide), chaithfí leis mar shuiteáil faoin Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha ar leithligh ([15]) (mar a léirítear i bhFíor 5.14)).

Ar ndóigh, dá mba oibreoir difriúil a d'oibrigh an gléasra cumhachta, bheadh sé ina dhara saoráid le suiteáil amháin. Dá mbeadh an gléasra cumhachta níos mó ná 50 MW, d'aicmeofaí ansin é mar Ghníomhaíocht 1.1 (*Dóchán breoslaí i suiteálacha lena mbaineann ionchur teirmeach rátaithe iomlán 50 MW nó níos mó*). De rogha air sin, dá mbeadh an gléasra cumhachta níos lú ná 20 MW, bheadh sé lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha.

*Fíor 0.13*

**Scéimléaráid d'oibríocht chairéil thipiciúil**




* Is chun críoch léiriúcháin amháin atá an deilbhín i bhFíor 5.13.

([15]) Sainmhínítear gléasraí dócháin meánmhéide a thuairiscíonn faoin Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha mar 'Gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2 de Threoir (AE) 2015/2193 (i gcás nach gcumhdaítear iad le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2010/75/AE). […] ag a bhfuil ionchur teirmeach rátaithe 20 MW ar a laghad agus atá faoi bhun 50 MW'. Ní féidir gléasraí dócháin meánmhéide a thuairisciú má tá siad mar chuid d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha. Mar sin féin, más foinse fuinnimh de ghníomhaíocht nach gcumhdaítear leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha iad (mar is amhlaidh i Roinn0), ba cheart iad a thuairisciú amhlaidh, ar choinníoll go bhfuil ionchur teirmeach rátaithe 20-50 MW acu.

D'fhéadfadh aonad stórála dramhaíola neamhghuaisí a bheith san áireamh ar an láithreán freisin chun dramhaíl a bhailiú ó ghníomhaíochtaí éagsúla an láithreáin (féach Fíor 5.14), ach ní gníomhaíocht de chuid an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha é sin agus dá bhrí sin ní mheastar gur suiteáil ar leithligh é. Mar sin féin, dá mba rud é go raibh an t-aonad dramhaíola chun ábhair dramhaíola guaisí a bhailiú, e.g. dramh-olaí, agus go raibh toilleadh 50 tona nó níos mó aige, thiocfadh sé faoi Ghníomhaíocht 5.5 den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus bheadh sé ina shuiteáil ar leithligh chun críocha tuairiscithe faoin Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha, mura rud é gur tháinig sé faoi raon feidhme Threoir 2006/21/CE maidir le dramhaíl ó thionscail eastóscacha a bhainistiú.

*Fíor 5.14*

**Scéimléaráid de chairéal tipiciúil ina bhfuil gléasra cumhachta agus aonad stórála neamhghuaiseach**




I bhFíor 5.15léirítear oibríocht chasta mianadóireachta dromchla ina bhfuil ceithre oibreoir éagsúla agus, dá bhrí sin, ceithre shaoráid. Is éard atá i Saoráid 1 dhá aonad theicniúla lena bhfoirmítear suiteáil amháin, arna n-oibriú ag 'Cuideachta A'. Áirítear le Saoráid 2 ceithre aonad atá nasctha go teicniúil, arna n-oibriú ag 'Cuideachta B'. Tá aonad teicniúil amháin ag Saoráid 3 a oibrítear go neamhspleách agus atá á bhainistiú ag 'Cuideachta C'. Tá trí shuiteáil ag Saoráid 4 (gan aon nasc teicniúil idir na haonaid), arna n-oibriú ag 'Cuideachta D'.

Ina theannta sin, féadfar trealamh soghluaiste éagsúil a úsáid ar fud an láithreáin, agus iad a bheith ag feidhmiú ag saoráidí éagsúla ag amanna éagsúla. Mar sin féin, ós rud é gur aonaid shoghluaiste iad sin, níor cheart a n-astaíochtaí a áireamh sa tuairisciú le haghaidh aon suiteáil shonrach.

*Fíor 0.15*

**Sampla d'oibríocht chasta mianadóireachta dromchla**




5.7.4. *Gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh (ag a bhfuil acmhainneacht 100 000 coibhéis daonra nó níos mó)*

De ghnáth, beidh caidreamh aon le haon idir an tsaoráid agus an tsuiteáil le haghaidh gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh. Mar sin féin, d'fhéadfadh an chuideachta chéanna oibríocht dramhaíola ar leithligh ach atá gaolmhar lena nglactar agus lena gcóireáiltear sloda nó láisteáit líonta talún a oibriú agus a bheith lonnaithe sa tsaoráid chéanna. Sa chás sin, bheadh dhá shuiteáil nó níos mó ar an tsaoráid.

I gcás ina bhfuil gléasra fuíolluisce uirbigh ag oibreoir suiteála tionsclaíoch (nó má bhí a ngléasra fuíolluisce ag feidhmiú mar ghléasra fuíolluisce uirbigh cathrach chomh maith), mholfaí é sin a thuairisciú mar dhá shuiteáil éagsúla. Ba cheart don tsuiteáil thionsclaíoch scaoileadh indíreach (aistriú truailleán) a thuairisciú ansin don ghléasra fuíolluisce uirbigh (fad a bheidh an t-aistriú os cionn na dtairseach a leagtar amach in Iarscríbhinn II den Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha).

5.7.5. *Dobharshaothrú beathabhunaithe a sháraíonn acmhainneacht táirgeachta bhliantúil 500 tona*

Maidir leis an sainmhíniú ar shaoráidí, tá feidhm ag an bprionsabal céanna a úsáideadh faoi thuairisciú an Rialacháin maidir le PRTR Eorpach (féach Roinn4.2). Is iondúil go mbíonn roinnt pionnaí, rásbhealaí nó umar ag suiteálacha dobharshaothraithe atá á mbainistiú ag an oibreoir céanna. Tá coinne leis go mbeidh gaireacht gheografach áirithe ann idir suiteálacha, chun go measfar gurb í an tsaoráid chéanna í. Mar shampla, d'fhéadfadh roinnt cásanna a bheith i gceist leis sin atá suite i mbá lasmuigh den oileán céanna má bhaineann siad leis an oibreoir céanna. Cásanna in áiteanna éagsúla ar leithligh feadh chósta oileáin bheaga éagsúla d'oileánra a thagann le chéile san aon suíomh amháin, mheasfaí gurb í an tsaoráid chéanna iad dá mbeadh an t-oibreoir céanna acu.

Agus an ghníomhaíocht sin á sainiú, tá feidhm ag an tairseach acmhainneachta maidir leis an leibhéal suiteála. Dá bhrí sin, ba cheart a bheith cúramach agus líon na suiteálacha laistigh de shaoráid amháin á chinneadh ionas nach dtitfidh an tsuiteáil go neamhbheartaithe faoi bhun na tairsí acmhainneachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha. Dá bhrí sin, tá an sainmhíniú ar 'nasc teicniúil' tábhachtach (féach roinn 4.1). Ciallaíonn nasc teicniúil i saoráid dobharshaothraithe mhuirí go bhfuil iliomad cásanna, pionnaí, nó aonad nasctha go fisiceach nó go feidhmiúil trí bhonneagar comhroinnte (beathú, córais uisce, faireachán) nó lóistíocht (mar shampla pointe lárnach le haghaidh beatha a stóráil, láimhseáil ceimiceán, buaint, agus baint dramhaíola) agus go mbainistítear iad mar oibríocht táirgthe aonair.

Cé go bhféadfadh ábhair imní chomhshaoil éagsúla a bheith ag baint le speicis uisceacha éagsúla, ní cúis bhailí a láithreacht iontu féin chun an tsaoráid chéanna a roinnt ina suiteálacha iomadúla, ós rud é nach mbaineann an tuairisc ar an ngníomhaíocht sin le speicis. Laistigh den ghníomhaíocht dobharshaothraithe, d'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina bhfuil sraith pionnaí faoi úinéireacht chuideachta amháin, ach go roinntear pionnaí (go sealadach) le cuideachta/oibreoir eile. Sa chás sin, ba cheart féachaint ar an tsraith pionnaí mar shaoráid amháin, bunaithe ar úinéireacht na bpionnaí. Bheadh an t-úinéir freagrach as na hastaíochtaí uile ó na hoibreoirí uile a thuairisciú trí úsáid a bhaint as a phionna (phionnaí).

Tabhair do d'aire gur eisceacht é úsáid an téarma 'úinéir' sa chomhthéacs seo ar úsáid ghinearálta an téarma 'oibreoir' ar fud an treoirdhoiciméid seo. I gcás ina gcinneann údarás inniúil scaoiltí a chainníochtú thar ceann an oibreora, mar atá faoi Airteagal 6(9) den Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha, ní bheidh ar oibreoirí iad féin iad a dhéanamh ná iad a thuairisciú dá n-údaráis.

I bhFíor 5.16 cuirtear cás i láthair ina mbainistíonn beirt oibreoirí feirm le líon éagsúil pionnaí éisc aonair. Is iondúil go ndéantar na pionnaí sin a cheangal le chéile, rud a chruthaíonn nasc teicniúil ar a dtugtar feirm i dtionscal an dobharshaothraithe. I gcodarsnacht leis sin, i bhFíor 5.17 léirítear cás atá beagán difriúil ina bhfuil Suiteáil 1 agus Suiteáil 2 faoi úinéireacht na cuideachta céanna ach ina bhféadfadh sé go mbeadh éisc faoi úinéireacht cuideachtaí eile. Mar a mhínítear thuas, baineann na suiteálacha sin le saoráid aonair (Saoráid 1) bunaithe ar an úinéireacht. Ina theannta sin, i bhFíor 5.17 áirítear umar mór éisc arna oibriú ag cuideachta eile, ar saoráid ar leithligh é.

*Fíor 0.16*

**Sampla d'fheirm éisc mhuirí le beirt oibreoirí**




*Fíor 5.17*

**Sampla d'fheirm éisc mhuirí ag a bhfuil níos mó ná oibreoir amháin**



5.7.6. *Suiteálacha chun longa a thógáil agus/nó a dhíchóimeáil, agus le haghaidh péinteáil nó péinteáil a bhaint de longa a bhfuil sé d'acmhainn acu freastal ar longa 100 m nó níos faide ar fhad*

Cumhdaítear leis an ngníomhaíocht seo (Gníomhaíocht 8 den Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha) próisis an-difriúil (i.e. tógáil, díchóimeáil, péinteáil nó péint a bhaint). I bhformhór na gcásanna, ní dhéanfaidh suiteáil ach ceann amháin de na próisis sin. Is iondúil go mbeidh caidreamh aon le haon idir an tsaoráid agus an tsuiteáil le haghaidh na gníomhaíochta sin mar thoradh air sin. Mar sin féin, d'fhéadfadh ranna éagsúla a bheith tiomnaithe do gach ceann de na gníomhaíochtaí sin ag coimpléacs an-mhór atá faoi úinéireacht an oibreora chéanna (mar shampla, rannóg amháin chun longa a thógáil agus ceann eile chun iad a phéinteáil; an dá chuid le haghaidh long atá 100 m nó níos faide ar fad). Sa chás sin, ba cheart dhá shuiteáil sa tsaoráid a thuairisciú ós rud é go bhfuil na tionchair chomhshaoil éagsúil agus nach bhfuil baint ag na próisis leo.

5.7.7. *Leictrealú uisce chun hidrigin a tháirgeadh ar scála tionsclaíoch – suiteálacha nach dtagann faoi raon feidhme Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha*

Cumhdaítear leis an ngníomhaíocht sin suiteálacha a dhéanann leictrealú uisce nach dtagann faoi Ghníomhaíocht 6.6 den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (a shainmhínítear mar 'Leictrealú uisce chun hidrigin a tháirgeadh i gcás inar mó an acmhainneacht táirgeachta ná 50 tona in aghaidh an lae'). Ba cheart do na húdaráis inniúla na critéir chéanna a úsáid chun na suiteálacha a shainiú agus na cinn atá i raon feidhme ghníomhaíocht 6.6. Is amhlaidh sin toisc gurb ionann an ghníomhaíocht ach go bhfuil tairseacha acmhainneachta éagsúla aici.

6. CONCLÚID

Cuirtear faisnéis mhionsonraithe ar fáil sa treoirdhoiciméad seo maidir leis an gcaoi ar cheart do thuairisceoirí sonraí láithreáin, saoráidí agus suiteálacha faoin Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha a shainaithint agus a thuairisciú. Leagtar béim sa doiciméad ar an struchtúr tuairiscithe ordlathach a cheanglaítear faoin Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha agus faoin Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, bunaithe ar Rialachán INSPIRE, arb é is aidhm dó comhtháthú sonraí spásúla agus comhshaoil a éascú le haghaidh ceapadh beartas.

Mínítear sa treoraíocht na difríochtaí agus na gaolmhaireachtaí idir láithreáin, saoráidí agus suiteálacha, lena n-áirítear na critéir chun aonaid theicniúla, suiteálacha fosaithe agus gníomhaíochtaí atá dírbhainteach a shainaithint. Tugtar aghaidh ann freisin ar na castachtaí a bhaineann lena chinneadh cathain ba cheart suiteálacha iomadúla a mheas mar chuid de shaoráid aonair, bunaithe ar naisc theicniúla agus ar spleáchais oibríochtúla.

Léirítear in anailís ar thacar sonraí 2022 Chlárlann AE um Láithreáin Thionsclaíocha go bhfuil caidreamh aon le haon ag formhór na saoráidí le suiteálacha, agus roinnt difríochtaí ann ar fud na mBallstát.

Beidh gá le breithniú cás ar chás ar chásanna casta agus d'fhéadfadh sé gur ghá dul i gcomhairle le scríbhneoirí ceadanna ag an údarás inniúil, le EEA nó leis an gCoimisiún. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Deasc Chabhrach Tionscail EEA ag industry.helpdesk@eea.europa.eu.